

Office of the Director
of Corporate Enforcement

*Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Tuarascáil Bhliantúil | 2005



printed on recycled material

www.odce.ie

Clár Ábhair

Brollach ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach	3
Réamhrá	4
Aidhm 1 - Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh	5
Aidhm 2 - Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Díl Cuideachta a Nochtadh	11
Aidhm 3 - Sáruithe Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh	22
Aidhm 4 - Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha	30
Aidhm 5 - Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha	38
Conclúid	43
Aguisíní	47



Office of the Director
of Corporate Enforcement

Oifig an Stiúrthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Brollach

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005 a bhronnadh ar Mhícheál Martin T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun alt 16 (1) den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Ar bhuaicphointí na bliana seo caite maidir le hobair na hOifige áirítear:

- fócas nua ar chaingne forfheidhmithe sibhialta. Dícháilíodh 21 oifigeach cuideachta i 2005 tar éis don OSFC imeachtaí dlí a thionscnamh. Is méadú substainteach é sin ar na trí dhuine aonair a dhícháiligh an Oifig i 2004;
- an feabhas maidir le clárú daoine a mheastar a bheith dícháilithe i gClár na nDaoine Dícháilithe. Cuireadh tús le comhoibriú idir an OSFC, an tSeirbhís Chúirte agus an OCC i 2005 agus dá bharr tá ainmneacha de níos mó ná 1,000 duine dícháilithe sa Chlár anois i gcomparáid leis an deich n-ainm a bhí ann ag deireadh 2004;
- an rath leanúnach i dtaca le hionchúiseamh cionta in aghaidh dlí cuideachta. I 2005 chinntigh an Chúirt Dúiche 112 chúiseamh i 19 gcás (99 gcúiseamh agus 20 cás faoi seach i 2004). Baineadh 49 gciontuith amach de bharr sin agus cuireadh 28 gcúiseamh de bheis san áireamh; measadh 35 chúiseamh eile a bheith cruthaithe i ndálaí a bhain le cur i bhfeidhm an Achta um Promhadh Ciontóirí;
- an t-ardú de nach mór 70% ar líon na bhfíneálacha a gearradh sa Chúirt Dúiche in éindí leis na hionchúisimh (circa €35,700 d'fhíneálacha anuraidh i gcomparáid le €21,550 i 2004);
- an liosta feithimh shubstaintigh i ndáil le hobair forfheidhmithe (20 cás sibhialta agus naoi gcás choiriúla) atá anois os comhair na Cúirte;
- an srianadh leanúnach atá ar mhionlach na stiúrthóirí cuideachtaí dóchmhainneacha faoi leachtú. I 2005 cuireadh ordú srianta ar 145 stiúrthóir bhreise ag éirí as gníomhartha a rinne leachtaitheoirí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas faoi dhlí cuideachta;
- an t-ardú de 21% i méid na gcásanna a tuairiscíodh don OSFC i 2005 a bhain le líomhaintí i leith mí-iompair. In ainneoin gur próiseáladh níos mó cásanna anuraidh tá timpeall 1000 ar na bioráin anois ag deireadh na bliana ag fanacht ar mheas;

Cóipcheart agus Ráiteas Séanta

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo.

Níor chóir go dtuigfí aon ní dá bhfuil anseo mar fhaisnéis de nó ar son an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir lena thuiscint nó lena léiriú ar aon cheann d'fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005 nó maidir le léiriú ar dhlí ar bith. Ba chóir dul sa tóir ar chomhairle dlí neamhspleách maidir le héifeacht aon fhorála dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht nó le dliteanas dá laghad ag éirí as ábhar an fhoilseacháin seo nó as aon bhotún, mhíchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir an ceart caingean chúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith nó gan a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo.

D'aistrigh FocalFactory an leagan Béarla den Tuarascáil Bhliantúil go Gaeilge

© Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach 2006.



Paul Appleby, Stiúrthóir

- an méadú as cuimse sa bhfás ar thrácht ar shuíomh idirlín an OSFC agus an fiúntas atá leis mar acmhainn eolais chun cabhair i leith géilliúntais agus forfheidhmithe a sholáthar. Bhí ardú de 53% go nach mór 179,000 ar líon na gcuairteoirí i 2005;
- taighde margaidh nua a thug le tuiscint go measann 75% de stiúrthóirí cuideachta, de chuntasóirí agus de leachtaitheoirí go gcomhlíonann an OSFC a sainchúram go héifeachtúil.

Ba mhaith liom go sonrach mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann as a gcion a dhéanamh chun na torthaí suntasacha seo a bhaint amach. Tacaíonn an obair chrua a dhéanann siad go seasta agus an dúthracht a chaitheann siad léi leis na hiarrachtaí atáimid a dhéanamh feabhas a chur ar cháilíocht na timpeallachta maidir le gníomhaíocht chorparáideach sa Stát.

Chuidigh go leor daoine eile freisin chun an dea-thoradh sin a bhaint amach. Bhí iniúchóirí agus leachtaitheoirí gairmiúla agus a gcomhlachtaí gairmiúla arís chun tosaigh ag comhlíonadh a gcuid dualgas tuairiscithe reachtúla i leith na hOifige agus ag cabhrú linn le fiosrúcháin leanúnacha. Bhain údaráis rialathaigh agus an pobal i gcoitinne úsáid as seirbhísí an OSFC níos mó ná riamh, agus is dul chun cinn é sin a bhfháiltímid roimhe agus muid ag iarraidh an teachtaireacht i leith géilliúntais agus forfheidhmithe a leathnú amach go dtí pobal níos cuimsithí.

Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don Oireachtas, don Rialtas, do na Cúirteanna agus do na hAíre maille lena gcuid foirne sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta a thug tacaíocht dúinn i leith an tsainchúraim agus an obair leanúnach atá idir lámha againn. Comhsheasmhach leis an uaillmhian atá againn mar Oifig .i. tuilleadh oibre a dhéanamh, tá súil againn go bhfaighimid freagairt dhearfach go gairid ar an iarratas a chuireamar isteach ar 20 ball foirne breise.

Ar deireadh, tá go leor páirtithe leasmhara Stáit, gnó agus príobháideacha a chabhraigh linn i 2005. Tá súil againn go leanfaidh siad leo ag tabhairt tacaíochta dúinn an bhliain seo.

Is í an aidhm thiomsaitheach atá againn mar Oifig i 2006 tuilleadh feabhais a chur ar na caighdeáin géilliúntais dlí i leith Achtanna na gCuideachtaí ar mhaithe le leas an phobail ina iomláine.

Paul Appleby
Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach
31 Márta 2006

Réamhrá

Aithníonn an Ráiteas Straitéise seo de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach don tréimhse 2003 - 2005 na haidhmeanna príomha a leanas atá ag an OSFC chomh maith le fo-aidhmeanna atá gaolta leo:

Aidhm 1: Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

- Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí Cuideachta a Fhoilsiú
- Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn
- Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorporáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Aidhm 2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh

- Fo-aidhm 2.1: I gCásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta, Socruithe a chur chun cinn leis an Sárú sin a Nochtadh agus a Thuairisciú
- Fo-aidhm 2.2: Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Aithint
- Fo-aidhm 2.3: Tacú le/Coimisiúnú Fiosrúcháin Foirmeálta Chuideachta

Aidhm 3: Sárúithe Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

- Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn
- Fo-aidhm 3.2: Seasamh le Ceanglais Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí

- Fo-aidhm 3.3: Pionós a Ghearradh ar Pháirtithe nach dtugann aird ar Leasa Cuideachta nó ar Leasa nach iad
- Fo-aidhm 3.4: Caingean Dlí a Thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Aidhm 4: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

- Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad i mbun a nDualgas Cuí
- Fo-aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhócmhainnigh
- Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

Aidhm 5: Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

- Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú
- Fo-aidhm 5.2: Foireann a chur chun cinn
- Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

Déanann an Tuarascáil seo athbhreithniú ar an dul chun cinn sa bhliain 2005 trí thagairt a dhéanamh do gach ceann de na haidhmeanna agus de na fo-aidhmeanna sin.

Aidhm 1 - Géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí a Spreagadh

Réamhrá

I 2005 bhí an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an fhoireann go gníomhach ag cur géilliúntas i leith ceanglais Achtanna na gCuideachtaí chun cinn ar bhonn leanúnach agus rinne siad a gcion freisin chun polasaí agus cleachtas a fhorbairt vis-à-vis creatlacha rialúcháin chorporáidigh.

Fo-aidhm 1.1: Eolas Áisiúil ar Dhlí Cuideachta a Fhoilsiú

Fógraí Eolais

Is é an nós a chleachtann an Stiúrthóir aire an phobail a tharraingt ar fhorbairtí suntasacha i réimse an dlí chuideachta. D'eisigh an Oifig trí chinn d'Fhógraí Eolais i rith na bliana¹. Seo mar a d'fheidhmigh siad:

- liostáil siad na cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach a bhfuair an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuarascáil leachtaitheora ina leith agus a ndearnadh cinneadh ina leith i 2004 scaoileadh iomlán nó scaoileadh “ag an am seo” a dhámhadh. Ba é cuspóir an Fhógra seo an pobal a chur ar an eolas maidir le cuideachtaí inar scaoileadh leachtaitheoirí ó cheangal láithreach imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh chun stiúrthóirí na cuideachta ábhartha a shrianadh (Fógra Eolais I/2005/1);
- rinne siad achoimre ar éifeacht na leasúcháin ar dhlí cuideachta atá i gCuid a 3 go 6 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (Fógra Eolais I/2005/2). Déileálann an Fógra sin go sonrath le:

- Leasuithe maidir le Ciste Infheistíochta Ilghnéitheach do Chuid XIII (Cuideachtaí Infheistíochta) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Cuid a 3 d'Acht na bliana 2005),
- Mí-úsáid Mhargaidh trí chreat a sholáthar chun reachtaíocht² dhéanach um mí-úsáid mhargaidh AE a chur i bhfeidhm sa dlí Éireannach trí leasú a dhéanamh ar Chuid V (Déileáil Chos Istigh) d'Acht na gCuideachtaí 1990 (Cuid 4 d'Acht na bliana 2005),
- Tairiscintí Poiblí Urrús go sonrath an cur i bhfeidhm sa dlí Éireannach de reachtaíocht dhéanach réamheolaire³ AE trí leasú a dhéanamh ar Chuid III d'Acht na gCuideachtaí 1963 (Cuid 5 d'Acht na bliana 2005) agus
- Forálacha Ilghnéitheacha maidir le Dlí Cuideachta a dhéanann difear go sonrath do shainchúraimí Chláraitheoir na gCuideachtaí agus don OSFC (Cuid 6 d'Acht na bliana 2005);

- thug siad le fios d'iniúcháirí go háirithe go raibh deireadh á chur, le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2005, leis an gceangal a bhí orthu i leith mainneachtainí tuairisceán bliantúil a thuairisciú don OSFC siocair tús feidhme a bheith á chur le hAlt 37(d) d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Fógra Eolais I/2005/3) ar an dáta sin.

Chuir Acht na bliana 2005 an phríomhfheagracht maidir le mí-úsáid mhargaidh sa phríomhmhargadh ISEQ agus maidir le réamheolairí, ar an Rialtóir Airgeadais ó lár na bliana 2005. Choinnigh an OSFC freagracht áfach as fiosrúchán agus as forfheidhmiú i leith déileáil chos istigh i ndáil le margadh an Irish Enterprise Exchange (IEX) atá níos lú, ag feitheamh ar chur i bhfeidhm na bhforálacha dlí maidir le mí-úsáid mhargaidh i gcás an IEX faoina bhfuil sé beartaithe go n-aistrefar an fheidhm seo in am agus i dtráth don Rialtóir Airgeadais.

Bhí tábhacht le Fógra Eolais I/2005/3 sa mhéid is gur bhain 80% de thuairiscí faoi Chionta indíotáilte

¹Tá na Fógraí Eolais seo ar fáil ag <http://www.odce.ie/publications/information.asp>. Tá an reachtaíocht príomha agus tánaisteach a bhaineann leis na Fógraí seo ar fáil freisin ar shuíomh idirlín an OSFC.

²Is iad na hionstraim lena mbaineann Treoir 2003/6/CE de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ó 28 Eanáir 2003, Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh. 2273/2003 ó 22 Nollaig 2003 agus trí cinn de Threoracha an Choimisiúin - 2003/124/CE ó 22 Nollaig 2003, 2003/125/CE ó 22 Nollaig 2003 agus 2004/72/CE ó 29 Aibreán 2004.

³Is iad na hionstraim lena mbaineann Treoir 2003/71/CE de Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ó 4 Samhain 2003 agus Rialachán Coimisiúin (CE) Uimh. 809/2004 ó 29 Aibreán 2004.

a rinne iniúcháirí don OSFC le mainneachtainí i leith tuairisceán bliantúil. De bhrí áfach gur cheist forfheidhmithe do Chláraitheoir na gCuideachtaí go príomha na mainneachtainí sin, cuireadh fórmhór na dtuairiscí sin faoina bhráid. Ar an dóigh sin cé go gcuirfidh an fhoráil seo deireadh le hoibleagáid tuairiscithe neamhriachtanach a bhain le hiniúcháirí agus go laghdódh sí i ndiaidh a chéile líon na dtuairiscí iniúcháirí a ndéanfar don OSFC, is beag éifeacht a bheidh aici thairis sin ar fhócas réadúil gníomhaíochtaí forfheidhmithe san Oifig.

Fógraí Cinnidh/Páipéir Chomhairliúcháin

In oirchill ar athrú níos substaintí ar an gceangal maidir le tuairisciú iniúcháirí, a chuirfeadh d'oibleagáid ar iniúcháirí cuidiú leis an Stiúrthóir le heolas a bhaineann le haon tuairisc faoi chion indiotáilte a cuireadh isteach chuig an OSFC, thionscain an Stiúrthóir i 2005 leagan chun dáta d'Fhógra Cinnidh D/2002/2 a phléann le Dualgas Iniúcháirí Tuairisciú don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Chorporáideach. Is in éindí leis an Auditing Practices Board⁴ (APB) a eisíodh an treoir seo den chéad uair riamh agus tá an Stiúrthóir agus an fhoireann ag obair i ndlúth-thadhall le Coiste Comhchomhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta - Éire (CCCC-E) agus leis an APB ag déanamh athchóiriú ar an bhFógra seo. Beidh an ghluaiseacht dhéanach i dtreo Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta de chuid ghairm na hiniúcháireachta á léiriú freisin san Fhógra Cinnidh uasdátaithe.

Ag teannadh le deireadh na bliana 2005 chuir an Oifig Dréachtpháipéar Comhairliúcháin chun cinn freisin faoin gceangal dlí atá ar feitheamh a cheanglódh ar chuideachtaí teoranta poiblí áirithe, ar chuideachtaí príobháideacha móra agus ar thionscadail ábhartha Coiste Iniúcháireachta a bheith acu⁵. Eiseofar an Páipéar sin le haghaidh tuairimí an phobail go luath i 2006.

Tá tús curtha ag an Stiúrthóir agus ag an bhfoireann le hathbhreithniú ar na seacht Leabhar Eolais ar cuid d'Fhógra Cinnidh D/2002/1 iad. Léiríonn siad na príomhchumhachtaí agus na dualgais atá ag cuideachtaí, ag stiúrthóirí cuideachta agus ag páirtithe éagsúla eile faoi Achtanna na gCuideachtaí. Táthar ag tabhairt na Leabhair chun dáta chun roinnt athruithe a rinneadh ar reachtaíocht i leith cuideachtaí Éireannacha a tháinig i bhfeidhm tar éis a gcéadfhóilseacháin a léiriú agus chun roinnt moltaí cuiditheacha a rinne daoine a bhain úsáid

⁴Bileog Nuachta an Auditing Practices Board 2002/1.

⁵Alt 42 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh Agus Cuntasaíocht) 2003

as na Leabhair thar thréimhse na trí bliana atá caite don OSFC faoin gcaoi ab fhearr arbh fhéidir feabhas a chur ar an ábhar a bhí iontu, a ionchorprú.

Suíomh Idirlín a chur chun cinn

I gcaitheamh na bliana 2005 chinntigh an Stiúrthóir agus an fhoireann go mbeadh an reachtaíocht nua agus ábhar eile ar dhíol spéise é i gcomhthéacs géilliúntais agus forfheidhmithe cuimsithe go pras ar shuíomh idirlín OSFC.

Fo-aidhm 1.2: Géilliúntas a chur chun cinn

Obair Aighneachta

Rinne OSFC seachadadh ar 58 gcinn de láithreorachtaí i 2005 os comhair lucht éisteachta de níos mó ná 3,000 áirithe ina iomláine. Tá na mionsonraí in **Aguisín 1.2.1** den Tuarascáil. Is cuid tábhachtach na láithreorachtaí seo d'iarrachtaí an OSFC géilliúntais i leith ceanglais dlí cuideachta Éireannaí a chur chun cinn. Ghlac stiúrthóirí cuideachta go fonnmar le láithreoracht na hOifige ar theideal dó "Corporate Health Check" inar tugadh



Na Rannpháirtigh⁶ ag an Naoú Irish European Law Forum Bliantúil i Teach Newman, Nollaig 2005

⁶Is iad na rannpháirtithe: Líne Deiridh (C-D): Dan O'Keefe SC, Cathaoirleach, Irish Takeover Panel; An tOllamh Klaus J Hopt, Stiúrthóir, Max Planck Institute for Private Law, Hamburg; Paul Appleby, An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach; David Devlin, European Corporate Governance Forum; An tOllamh Gerard Hertig, Swiss Federal Institute of Technology (ETH Zurich); An tOllamh J A McCahery, University of Amsterdam; An tOllamh Jonathan Rickford, British Institute of International and Comparative Law; An tOllamh Paul Davies, London School of Economics.

Líne Tosaigh (C-D): An Doctúir Blánaid Clarke, Scoil Dlí UCD; An tOllamh Janet Dine, Queen Mary University of London; An tOllamh Paul O'Connor, Dean, UCD School of Law; An tOllamh Eilís Feeran, University of Cambridge; An tOllamh Irene Lynch-Fannon, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

chun aitheantais cúpla ceist thábhachtacha géilliúntais i leith dlí cuideachta agus taispeánadh go rialta é ina aonair nó mar chuid de chur i láthair níos leithne faoi ról an OSFC. In amanna léiríodh obair na hOifige do lucht éisteachta idirnáisiúnta, m.sh. ag an Naoú Irish European Law Forum Bliantúil.

I gcaitheamh na bliana 2005 leathnaigh an Oifig a spriocghrúpa éisteachta agus chuimsigh ina clár stocaireachta an earnáil deonach agus phobail ar minic a sheachadann a baill a gcuid gníomhaíochtaí trí mheán cuideachtaí. Tar éis gur cuid den siollabas an OSFC anois ar chúrsaí gnó ag an tréimh leibhéal agus ar chúrsaí iarchéime, thug baill foirne na hOifige léachtaí

do mhic léinn i 2005 faoi chúla an OSFC agus faoina gníomhaíochtaí reatha agus a pleananna don todhchaí chomh maith.

Gné sonrath d'obair aighneachta an OSFC i 2005 ba ea méid na láithreorachtaí a rinneadh d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim. Lean sin as Meamram Tuisceana ar aontaigh an Oifig agus na Coimisinéirí Ioncaim faoi go deireanach i 2004 a mhínigh na socrúithe oibriúcháin le haghaidh comhroinnt eolais rúnda idir an dá Oifig mar atá ceadaithe de réir dlí. Tá admháil maidir le luach caidreamh níos dlúithe idir an Oifig agus na Coimisinéirí Ioncaim sa litir déanach ó na Coimisinéirí Ioncaim anseo thíos.



Preasráitis, Faisnéisithe agus Ceisteanna

D'eisigh an Stiúrthóir cúig phreasráiteas i 2005. Tá na sonraí in **Aguisín 1.2.2** den Tuarascáil.


D'fhreagair an Stiúrthóir agus an fhoireann níos mó ná 100 ceist ó na nuachtáin i gcaitheamh na bliana ar ghnéithe de chúram agus d'obair an OSFC.

Fiosruithe ón bPobal

Bhí méadú ar líon na bhfiosrúcháin ar dhéileáil an Oifig leo i 2005; tháinig a bhformhór ar an teileafón nó sa ríomhphost. Tháinig go leor de na fiosrúcháin ó bhaill an phobail ar chás dóibh oibriúcháin cuideachtaí i réimsí cosúil le bainistíocht mhaoin sealbhaís agus ó stiúrthóirí cuideachta ag lorg eolais faoina gcearta agus a ndualgas.

Tá sé de pholasáí ag an Oifig gan chomhairle dlí a dháileadh ar bhonn cás aonair ach cuireann an Office daoine a ghlaonn isteach go díreach i dtreo na bhfoinsí ábhartha eolais lena n-áirítear má oireann an cás, Leabhair Eolais an OSFC féin. Tá éileamh mór ar na Leabhair sin i gcónaí agus dáileadh níos mó ná 12,000 cóip i 2005 .i. méadú substainteach ar an 8,000 nó mar sin a eisíodh i 2004.

Léiriú 1.2.1 - Gluaiseacht i Leibhéal Ghéilliúntais



C. I do thuairim, an bhfuil na leibhéil ghéilliúntais i leith dlí Cuideachta in Éirinn méadaithe, laghdaithe nó fanta mar an gcéanna thar thréimhse na 5 bliaina ata caite?

Taighde Margaidh

Choimisiúnaigh an OSFC taighde margaidh ó Millward Brown IMS go deireanach sa bhliain 2005. Cuireann an taighde in iúl gur chreid 74% de na stiúrthóirí sa suirbhé go raibh feabhas tagtha ar an timpeallacht géilliúntais i leith dlí cuideachta thar thréimhse na cúig bliana seo caite. Maidir le cuntasóirí agus le leachtaitheoirí ba é timpeall 95% an figiúr comhfhreagrach. Tá breis eolais faoi na torthaí sin sa **Léiriú 1.2.1**.

Ó thaobh stiúrthóirí de, léirigh an taighde gurbh é an méadú sa phoiblíocht i dtaca le géilliúntas agus an tuiscint níos fearr a bhí ar an ngá le géilliúntas i leith dlí cuideachta ba mhó ba chúis leis an bhfeabhas ar ghéilliúntas. Is i leith bhunú an OSFC go príomha a chuir cuntasóirí agus leachtaitheoirí an feabhas. Measann an Stiúrthóir agus an fhoireann go gcothaíonn na torthaí seo ugach agus d'fháiltigh siad rompu.

Tá torthaí eile ar an taighde seo níos faide ar aghaidh sa Tuarascáil seo.

Fo-aidhm 1.3: Dlí Cuideachta agus Cleachtais Chorparáideacha a Bhaineann leis a Fheabhsú

Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí

I ndiaidh fhoilseachán na Treorach Leasaithe faoi Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí (RGS) i Nollaig 2004, lean an Oifig lena cuid oibre go luath sa bhliain 2005 ag tabhairt poiblíocht do na ceanglais RGS.

An 21 Aibreán 2005 d'fhógair an Rialtas go rabhtas ag cur an fhoráil⁷ faoi bhráid an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta (GADC) go bhfaighfí breithniú ar a “proportionality, efficacy and appropriateness”. Iarradh ar an nGrúpa an anailís a dhéanamh agus an tuarascáil a struchtúru sa chaoi is go mbeadh siad comhsheasmhach leis an múnla anailís tionchair rialaithe a chuir an Grúpa Oibre um Anailís Tionchair Rialaithe chun cinn.

A fhad is a bhí obair an GADC ar siúl chuidigh an Stiúrthóir in éindí lena chomhghleacaithe le cur chun cinn Thuarascáil an Ghrúpa⁸. Tá tuairimí an Stiúrthóra léirithe sa Tuarascáil críochnaithe a seoladh ar aghaidh go dtí Michael Ahern, T.D., an tAire Tionscail agus Trádála roimh an dáta deiridh 31 Iúil. Is ar bhonn mholadh mhór an GADC a chinn an Rialtas an 1 Nollaig an ceanglas a bhí i bhfeidhm ag an am a mhodhnú go substaintiúil.

De bharr chinneadh an Rialtais beidh gá le leasúchán ar an bhforáil reatha agus níl aon amchlár cinnte ar fáil faoi láthair d'achtú agus do thús feidhme na bhforálacha athbhreithnithe. Breithneoidh an Stiúrthóir an gá atá le Treoir Leasaithe ag am éigin amach anseo.

Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta

Cé gur chaith GADC méid suntasach ama leis an athbhreithniú ar an Ráiteas Géilliúntais Stiúrthóirí i 2005, tháinig sé le chéile roinnt babhta leis an sainchúram leathan atá aige a chur chun cinn. Mar bhall de GADC d'oibrigh an Stiúrthóir in éindí leis na baill eile ar bhonn leanúnach chun tionscadal tábhachtach de chuid an GADC a chur chun cinn .i. an tAcht Comhdhlúite Cuideachta atá beartaithe. Rinne an Grúpa dul chun cinn sásúil ar an tionscnamh sin i 2005.

⁷Alt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh Agus Cuntasaíocht) 2003.

⁸Tá cóip de Thuarascáil GADC (Grúpa Athbhreithnithe Dlí Chuideachta) faoi Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí ag www.clrg.org.

⁹Tá Tuarascáil an Grúpa Straitéiseach Tomhaltóra dar teideal 'Making Consumers Count' ar fáil ag www.irishconsumer.ie/report/index.html.

¹⁰Tá an Tuarascáil dar teideal 'Restrictive Practices (Groceries) Order 1987 – A Review and Report of the Public Consultation Process' ar fáil ag www.entemp.ie/commerce/consumer/groceriesorderreport.htm

Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann - Bord Eatramhach

Mar bhall de Bhord Eatramhach Údarás Mhaoirseacht Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht na hÉireann chuidigh an Stiúrthóir le plé an Bhoird Eatramhaigh i rith na bliana 2005. Tar éis roinnt réamhchoinníollacha reachtúla agus eile a thabhairt chun críche cuireadh an tÚdarás ar bun go foirmeálta mar chomhlacht poiblí faoi cheann na bliana, ag réiteach an bhealaigh chun tús a chur lena chuid gníomhaíochtaí maoirsiú iniúcháireachta agus cuntasaíochta go luath sa bhliain 2006.

Ordú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987

I gcaitheamh na bliana 2005, lainseáil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta próiseas comhairliúcháin faoin moladh i Tuarascáil an Grúpa Straitéiseach Tomhaltóra⁹ go ndéanfaí an tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987 a chuireann toirmeasc ar 'below-cost selling' a chúlghairm. In aighneacht a rinne sé do Roinn an Aire i mí Iúil, tharraing an Stiúrthóir aird ar roinnt rudaí a bhí ag déanamh inní dó maidir leis an gcleachtas 'off-invoice discounts' arna thuairisciú. Rinne sé go sonrach tagairt do fho-ailt (1), (2), (3) agus (4) d'alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990 a shonraíonn na ceanglais atá ar chuideachtaí leabhair chúí chuntas a choinneáil.

Ba thoradh na Tuarascála¹⁰ a eisíodh sna sála air sin gur chinn an Rialtas gur cheart an tOrdú a chúlghairm. Sa chonclúid d'alt 6.14 den Tuarascáil arna fhoilsiú nochtadh an tuairim gur bheag amhras a bhí ann gur spreag an tOrdú cleachtas lascaíne seachsonrasc agus gur chóir údarás faoi leith a thabhairt do thuairimí an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Chorparáideach i dtaca leis sin. Folaíonn tuairimí an Stiúrthóra mar a luaitear in alt 6.10 den Tuarascáil iad a leanann anseo thíos:

“...if - as I understand it - a practice has developed whereby certain invoices are drawn up on a basis which suggests that a different form of transaction is recorded to that which actually occurs in practice, it seems to me that, in some instances at least, there may be potential breaches of Section 202. In other cases, it seems conceivable that even if no criminal breach of Section 202 occurs, the company's books and records may be less than fully reflective of

the true form and substance of the company's transactions. From a company law perspective, it is difficult to see how that can ever be advantageous.

...it does seem desirable to us that if the Order is being retained, it should be amended to remove any direct or indirect inducements therein which may lead companies to cause their primary books and records (including invoices) to be kept on any form of artificial basis.”

International Association of Insolvency Regulators

Mar bhall den International Association of Insolvency Regulators (IAIR), chuidigh an OSFC ar bhonn leanúnach le cur chun cinn an Chumainn sin mar fhóram do thaighde idirnáisiúnta agus do chomhoibriú i gcúrsaí dóchmhainneachta. I 2005 chuidigh an OSFC inter alia le hullmhúchán Tuarascála faoi Dhóchmhainneachtaí gan Sóchmhainn¹¹. Is suirbhé fóinteach an Tuarascáil faoi na modhanna malartacha a nglactar leo i ndlínsí éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas cúinsí dóchmhainneacha a bhféadfadh mí-iompar a eascairt uathu a fhiosrú ar mhaithe an phobail, agus cosc a chur lena bhforbairt.

Ag Comhdháil Bhliantúil an IAIR i Helsinki ar ar fhreastail an Stiúrthóir agus ball den fhoireann aontaíodh faoi roinnt téamaí taighde don tréimhse 2005/2006 agus bhí ionchur ann ag an OSFC ag deireadh na bliana 2005 nuair a pléadh an dóigh a chaitear le hiasachtaí mac léinn i gcúinsí dóchmhainneachta. Breithneofar na tuarascálacha sin ag Comhdháil Bhliantúil an IAIR i 2006.

Measúnú GRECO ar Chumas na hÉireann an Éillitheacht a Chomhrac

Ghlac OSFC páirt i dhá mheasúnú lucht aon ghairme idirnáisiúnta ar chórais dlí agus riarachán na hÉireann i 2005. Foireann measúnaithe ó GRECO (Groupe d'États contre la Corruption), grúpa de 40 Ballstát ó Chomhairle na hEorpa a bhfuil sé de rún acu feabhas a chur ar inniúlacht a mBall an éillitheacht a chomhrac a thug faoi cheann amháin acu. Téama amháin sa mheas a rinneadh le gairid ba ea daoine dlítheanacha agus

an éillitheacht. Glac GRECO i Nollaig 2005¹² leis an Tuarascáil faoi Éire a rinneadh ina dhiaidh sin.

I réimse an dlí chuideachta tugann an tuarascáil dá haire inter alia rólanna an OSFC agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) faoi seach, an ceangal atá ar iniúchóirí cásanna ina bhfuil amhras faoi chion indíotáilte i leith dlí cuideachta a thuairisciú don OSFC le go bhfiosrófar iad agus an dea-thoradh ar obair an OSFC cionta a bhaineann le cuntais agus le mírialtacht eile doiciméid a ionchúiseamh. Molann an Tuarascáil freisin na forálacha dlí a fhónann chun daoine a shrianadh agus a dhícháiliú i dtaca le gníomhú i bpostanna tábhachtacha i gcuideachtaí a eascraíonn as cinntí i leith mí-iompair in imeachtaí dlí. Molann sí do na hÚdaráis Éireannacha áfach breithniú a dhéanamh:

- maidir le feidhm sheiceála ábhair na hOifige um Chlárú Cuideachtaí a neartú d'fhonn cruinneas an eolais cláraithe a dheimhniú, go sonrath chomh fada agus a bhaineann sé le hainmneacha na ndaoine atá taobh thiar de chuideachta.
- maidir le méadú ar na pionóis a ghearrtar i gcás cionta cuntasáiochta le cinntiú go bhfuil na pionóis ar féidir a ghearradh éifeachtach, i gcomhréir agus athchomhairleach.

Athbhreithniú ar Ghéilliúntas na hÉireann i leith Moltaí

Ghlac an OSFC páirt freisin in athbhreithniú lucht aon ghairme ar thug Tascfórsa Gníomhú Airgeadais (TGA) de chuid an OSFC faoi. Bhí an breithniú dírithe ar ghéilliúntas na hÉireann i leith an 40 Moladh de chuid TGA agus i leith na naoi Moladh Speisialta sa chomrac i gcoinne sciúradh airgid agus airgeadú sceimhlitheoirí faoi seach. Molann Moladh uimhir 33 go mbeadh teacht ag na húdaráis inniúla ar eolas dóthanach, cruinn agus tráthúil maidir le húnéireacht thairbhiúil agus le ceannas ceann i ndáil le daoine dlítheanacha a leithéid cuideachtaí. Glacadh i mí na Feabhra 2006 leis an Tuarascáil TGA ar Éirinn a tháinig amach sna sála air sin.¹³

Tar éis na forálacha ábhartha sa dlí cuideachta in Éirinn agus in áiteanna nach í a rianú, deir an Tuarascáil TGA inter alia go nglactar leis an eolas faoi stiúrthóirí

agus faoi chomhaltaí atá cláraithe san OCC mar atá sé agus nach ndéantar aon fhíorú ina leith. Tugann sí lena haire freisin go gceadaítear stiúrthóirí ainmnithigh agus comhaltaí corparáideacha nó comhaltaí ar iontaobhaithe iad sa chaoi is nach gá go nochtadh Clár an OCC fíorúinéireacht thairbhiúil agus ceannas ceann na cuideachta. Cé go nglactar leis go bhfuil cumhachtaí áirithe ag na Gardaí agus ag an OSFC faoin dlí chun únéireacht thairbhiúil agus ceannas ceann a fhiosrú agus gur baineadh úsáid as na cumhachtaí sin go rathúil san am atá caite, is é tuairim na tuarascála nach bhfuil Éire ach ‘partially compliant’ i leith Moladh 33. Molann sí dá réir go nglactar na hÚdaráis Éireannacha bearta chun trédhearcacht sa réimse a fheabhsú trí sholáthar do thairbhí an eolais riachtanaigh a dhéanamh, sa chaoi is go gcuirfear ar fáil ar iarratas é do na húdaráis chuí.

Cuairteoirí Idirnáisiúnta eile

Thug an Oifig faisnéis do roinnt chuairteoirí eachtrannacha freisin faoi ról agus faoi ghníomhaíocht an OSFC. Áirítear ina measc:

- toscaireacht ó Rialtas an Iraq; bhí an chuairt éascaithe ag an Rialtas ar iarratas ón mBanc Domhanda.
- toscaireacht ón Úcráin a bhí i mbun scrúdaithe ar struchtúir rialachais chorparáidigh; an Banc Domhanda a thug urraíocht don chuairt sin freisin.

Conclúid

I bhfianaise an taighde margaidh a thug an OSFC faoi go deireanach i 2005 chuidigh an obair a rinne an Oifig le géilliúntas a chur chun cinn chun caighdeán rialachais chorparáidigh a fheabhsú agus go háirithe chun géilliúntas i leith na gceanglas dlí in Achtanna na gCuideachtaí a fheabhsú. Cuireann na codanna den Tuarascáil seo a leanas in iúl áfach go bhfuil obair shubstainteach fós le déanamh sula mbeifear in ann a rá go bhfuil géilliúntas i leith an dlí agus an dualgais i réim i ngach áit.

Aidhm 2 - Cásanna ina bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta a Nochtadh

Réamhrá

Fuair an Oifig lear mór tuairiscí agus gearán i 2005 maidir le hamhras faoi shárú dlí cuideachta. Arís bhí na cinn a fuarthas ó iniúchóirí, ó chomhlachtaí gairmiúla agus ó go leor de na húdarais rialaitheacha agus Stáit sonrath go leor sa mhéid is gur ainmnigh siad an cion i gcás(anna) ina raibh amhras faoi shárú dlí(the) cuideachta. Ní haon ionadh nach raibh na gearáin a rinne an pobal chomh cruinn céanna maidir leis an mbaint a bhí ag an líomhain i leith mí-iompar le hAchtanna na gCuideachtaí. Ina theannta sin nocht foireann OSFC féin ceisteanna a bhain le dlí cuideachta agus ar theastaigh go mbreathnófaí orthu níos géire. Áirítear ina measc fiosrúcháin spriocdhírthe i roinnt réimsí (m.sh. stiúrthóirí srianta ag feidhmiú de shárú ar théarmaí an srianta agus stiúrthóirí dícháilithe i ndlínsí eile a bhí ag gníomhú sa Stát gan an dícháiliú a chlárú) agus measúnú ar eolas sa réimse phoiblí a leithéid tuairiscí sna meáin agus doiciméid cláraithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí. (Féach fonótaí 54 agus 55 níos faide ar aghaidh sa Tuarascáil le haghaidh mínithe ar na téarmaí srianadh agus dícháiliú faoi seach.)

Fo-Aidhm 2.1: Socruithe Nochta agus Tuairiscithe le haghaidh Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta

Líon/Foinsí na gCásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Dlí Cuideachta

Fuair 2,373 thuairisc agus gearán i 2005, ardú de 21% ar fhigiúr na bliana 2004. Mar is gnáth tháinig an chuid is mó (1,965) ó iniúchóirí cé go raibh mionlach suntasach ag teacht i gcónaí ón bpobal i gcoitinne. Tá briseadh síos ar na tuarascálacha de réir foinsé rianaithe in Aguisín 2.1.1.

¹¹Tá cóip den Tuarascáil Assetless Insolvencies ag <http://www.insolvencyreg.org>.

¹²Tá cóip de Thuarascáil GRECO ar fáil ag <http://www.greco.coe.int>

¹³Tá súil le foilseachán Tuarascáil FATF sa dara leath de 2006.

Comhoibriú idir Údarás Rialaitheacha

Cosúil le rialtóirí eile tá ceangal dlí ar an OSFC eolas a fhaightear isteach san obair a dhéantar agus atá íogarach ó thaobh tráchtála a coinneáil faoi rún. Ceadáíonn an dlí áfach dá leithéid de rialtóirí eolas a roinnt eatarthu nuair a bhaineann sé le sainchúram rialtóirí eile. Baineadh úsáid go minic i 2005 as na socrúithe maidir le comhoibriú atá ann cheana féin leis an Rialtóir Airgeadais, le Stocmhalartán na hÉireann agus leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Chuir Stocmhalartán na hÉireann 13 tuairisc maidir le cásanna a raibh amhras faoi shárú Achtanna na gCuideachtaí isteach chuig an OSFC i 2005. Baineann go leor de na tuairiscí a chuir an Stocmhalartán isteach go dáta le ceannach nó le diúscairt scaireanna a rinne stiúrthóirí cuideachtaí liostáilte ach nár cuireadh na fógraí a bhain leo isteach roimh an teorainn ama a bhí ceaptha dóibh. Sa chuid is mó de na cásanna ba bheart beag a bhí i gceist agus ní raibh an teorainn ama sáraithe ach de bheagán agus ina leithéid de chúinsí shíl an OSFC nach raibh aon údar le gníomhú forfheidhmithe. Tá an réimse á choinneáil faoi bhreithniú áfach agus má thagann mainneachtain ábhartha chun cinn i gcás ar bith beifear ag cuimhneamh ar ghníomhú forfheidhmithe.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar an gcaidreamh comhoibrithe idir an OSFC agus na Coimisinéirí Ioncaim i 2005. Rinneadh tagairt níos luaithe don chlár rathúil láithreorachtaí a rinneadh an OSFC os comhair fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim agus de thoradh air sin ar a gconlán féin chuir na Coimisinéirí Ioncaim 12 tuairisc chuig an Oifig faoi cheann na bliana.

Ag eascairt as roinnt beag chásanna rinneadh teagmháil leis an Rialtóir Airgeadais i 2005 agus bhí an OSFC fós ag fiosrú cuid acu ag deireadh na bliana.

Amach uathu sin d'iarr agus fuair an OSFC cabhair maidir le hiniúchadh i leith roinnt cheisteanna go sonrach iadsan a bhain le cuideachtaí dóchmhainneacha ar chreidiúnáí suntasach acu na Coimisinéirí Ioncaim. Chuir na socrúithe ar chumas na hOifige eolas ábhartha a chur ar aghaidh go dtí na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear eolas faoi leasa corparáideacha níos leithne ag daoine arbh fheasach don Oifig go raibh suim ag na Coimisinéirí Ioncaim iontu.

Tharla sreabh úsáideach eolais sa dá threo freisin i 2005 idir baill an Gharda den Oifig agus a gcomhghleacaithe i mBiúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise agus i réimse eile den fhórsa. Rinneadh 350 fiosrú a bhain le cuideachtaí agus le cúrsaí gaolmhara.

Fuarthas cabhair shubstainteach ar bhonn leanúnach freisin ó fhoireann na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (OCC) ní hamháin maidir le Clár na gCuideachtaí a choinneáil suas chun dáta ach cabhair i leith fáil agus deimhniú doiciméadú bunaidh cláraithe a bhféadfadh an OSFC úsáid a bhaint as in imeachtaí cúirte.

I roinnt bheag chásanna ar leith bhí teagmháil idir an Oifig agus An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, Ombudsman na bPinsean agus Rannóg Chearta Fostaíochta an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

Fo-Aidhm 2.2: Cásanna a bhfuil Amhras faoi Shárú Achtanna na gCuideachtaí a Aithint

Ba cosúil lena chéile cineál na nithe a tuairiscíodh sa bhliain 2005 agus cineál na nithe a tuairiscíodh sna blianta roimhe sin maidir le tuairiscíú sainordaitheach agus le tuairiscíú deonach.

Cineál na Saincheisteanna Aitheanta sna Tuarascálacha Sainordaitheacha

Nocht na 1,992 thuarascáil shainordaitheacha a fuarthas sa bhliain 2005 15 chás ina raibh amhras faoi shárú Achtanna na gCuideachtaí. In **Aguisín 2.2.1** den Tuarascáil seo rianaítear cineál na gcionta a tuairiscíodh don Oifig go réasúnta minic sa bhliain 2005 i gcomórtas leis an mbliain roimhe sin.

I nach mór 98% de na tuarascálacha ba iad na cúig chion seo a leanas a bhí i gceist:

- as 2,000 cion (nó i mbeagán níos mó ná 80% de na cásanna a tuairiscíodh i dtuarascálacha sainordaitheacha ina raibh amhras faoi shárú dlí) ba loiceadh maidir le tuairisceán bliantúil

a sheoladh in am chuig an Cláraitheoir na gCuideachtaí a bhí i gceist. Mar a tuairiscíodh níos luaithe tháinig deireadh¹⁴ leis an oibleagáid cionta dá leithéid a thuairisciú i mí Mheán Fómhair 2005 agus dá réir ba chóir go mbeadh titim dhrámatúil sa mhéid tuairiscí dá leithéid sin amach anseo. A bhuíochas fógraí a chuir an OSFC amach roimh ré chuig iniúcháirí, bhí titim shuntasach i líon na tuairiscí sin sna ceithre mhí dheireanacha de 2005 ach fós féin fuair an OSFC níos mó ná 150 tuairisc dá leithéid sa tréimhse sin.

- bhain 342 cheann díobh sin (nó 14% den iomlán) le húsáid iomarcach shóchmhainní cuideachta de réir mar a tuairiscíodh í, chun leasa pearsanta stiúrthóirí agus daoine a raibh ceangal acu leo. Níos mó ná €80,000 a bhí i gceist leis na cásanna sin;
- fuarthas tuairisc faoi níos mó ná 60 cás ina raibh amhras faoi loiceadh maidir le leabhair chuí cuntas a choinneáil i gcuideachtaí (tuairim is 2.5% den iomlán). Is bunúsach an oibleagáid seo chun struchtúr láidir aonarach agus tiomsaitheach a choinneáil le haghaidh cúrsaí corparáideacha, agus dá réir déantar cinneadh faoi chaingean forfheidhmithe a thionscnamh nó gan a thionscnamh i ngach cás dá leithéid;
- cuireadh fógra amach i 16 cás (nó timpeall 0.6% de líon iomlán na gcionta a tuairiscíodh) i dtaca le cuideachtaí agus lena gcuid stiúrthóirí ar líomhnaíodh gur theip orthu cruinniú ginearálta urghnách (CGU) a thionól sa chás ina raibh laghdú tagtha ar cóimheas sóchmhainní/fiachais na cuideachta go dtí 50% nó níos lú. Ba léir an treocht maidir le líon na dtuairiscí gur le fána a bhí siad ag dul ón mbliain 2003 i leith nuair a tháinig 92 cheann isteach. Tugann an feabhas sin a bhféiltítear roimhe le tuiscint go mb'fhéidir go bhfuil na cuideachtaí ábhartha ag baint úsáid anois as cruinniú ginearálta urghnách (CGU) chun a seasamh lag ó thaobh caipitil a bhréithniú.
- Bhain 16 tuairisc bhreise leis an gcion de réir mar a tuairiscíodh é nach raibh stiúrthóir ag

cuideachta a raibh cónaí aige/aici in Éirinn. Is é cleachtas an OSFC cásanna den saghas sin a chur faoi bhráid an OCC go mbreathnóidh siadsan orthu.

Cineál na Saincheisteanna a Aithníodh i Tuarascálacha Deonacha agus eile

Roinnt mhaith de na gearáin a thagann go rialta ón bpobal tuairiscíonn siad amhras ginearálta faoi mhí-iompar cuideachta nó stiúrthóirí cuideachta. Sa mheasúnú a dhéanann an OSFC ar na gearáin sin díritear ar an ngné díobh a bhaineann le dlí cuideachta a thabhairt chun aitheantais. Nuair is léir gur faoi reachtaíocht eile a bhreithnítear an mhainneachtain is é cleachtas an OSFC comhairle a chur ar an ngearánaí an cás a chur faoi bhráid an údarás ábhartha le go mbreathnófar air. Ar an dóigh chéanna molann an OSFC don ghearánaí níos minice ná a mhalairt dul i dteagmháil le comhairleoirí gairmiúla chun comhairle a fháil faoi cé acu arbh fhearr dó/di dul i muinín an dlí phríobháidigh chun leigheas a fháil agus/nó faoin gcaoi le sin a dhéanamh nuair nach léir aon sárú ceangal dlí phoiblí sa gcás atá ag déanamh imní dóibh ach go mb'fhéidir go bhfuil leigheas air i réimse an dlí phríobháidigh.

In ainneoin na deacrachta cineál na ngearán agus na dtuarascálacha sin a thabhairt faoi chatagóir, soláthraíonn **Aguisín 2.2.2** eolas ar chineálacha na saincheisteanna a gcuirtear ar ár súile dúinn faoin gceannteideal seo. Bhain gar do 78% de na saincheisteanna leis na ceithre réimsí bunúsacha seo a leanas:

- gearáin lena raibh líomhaintí faoi thrádáil chialaoiseach, míchúramach nó dócmainneach (62 chás);
- cásanna a bhain le fiacha a bhí ag an ngearánaí nó ag páirtithe eile ar chuideachtaí (61 chás);
- neamhghéilliúntas i leith ceanglais tuairisceán bliantúil a chlárú leis an OCC (35 chás);
- saincheisteanna a bhain le míshástacht scairshealbhóra arna brath (28 chás);
- doiciméid falsa nó falsaithe a chur isteach; iad a

¹⁴Alt 37(d) d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh Agus Cuntasaíocht) 2003

chur isteach chuig OCC go háirithe (27 gcás). Is dúblú sin ar líon na gcásanna a tuairiscíodh sa bhliain 2004;

- cuideachtaí a lean leo ag trádáil tar éis bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí (26 chás);
- cásanna a bhain go sonrach le loiceadh stiúirtheoirí cuideachta a ndualgas reachtúla a chomhlíonadh ar cúis leis in amanna easpa tuisceana ar cheangail Achtanna na gCuideachtaí (26 chás);
- teip maidir le cruinnithe bliantúla nó cruinnithe ginearálta urghnácha cuideachta a thionól (12 chás).

Láimhdeachas Cásanna

Is é **Aguisín 2.2.3** a sholáthraíonn na sonraí tábhachtacha maidir le dul chun cinn na hOifige i 2005 i ndáil le cinneadh a dhéanamh ar na cásanna atá ar na bioráin ag staid a mbraite. Mar achoimriú chuir OSFC deireadh lena breithniúchán ar 2,111 chás .i. 73.5% de na 2,872 chás a fuarthas isteach agus a bhí ar na bioráin i 2005. Ba é 66.7% an figiúr a d'fhreagair dó sin sa bhliain 2004. De bhreis air sin, cuireadh 154 chás ar leataobh lena bhfiosrú go mion féachaint an raibh ábhar iontu le haghaidh imeachtaí sibhialta nó coiriúla.

Mínítear go páirteach an méadú substainteach ar líon na gcásanna a tugadh chun críche tríd an méadú sna cásanna mainneachtana a cuireadh faoi bhráid an OCC. Bhí méadú suntasach áfach ar líon na gcásanna eile a diúscaíodh i ndiaidh d'fhoireann OSFC iad a mheas. In ainneoin an fháis shoiléir sin ar an láimhdeachas bhí 607 gcás idir lámha ag deireadh na bliana 2005, méadú suntasach ar na 499 gcás a bhí idir lámha ag deireadh na bliana 2004. Gan dóthain foirne a bheith ar fáil chun déileáil leis an méid mór tuairiscí agus gearán a fuair an Oifig ar bhonn leanúnach agus a chasta is a bhí siad is ea go príomha fáth an mhéadaithe.

Is cúis inní i gcónaí gurb iad na cásanna is casta agus is mó a bhíonn éileamh acu ar acmhainní nach bhfuil ag fáil aird thráthúil. Ag deireadh na bliana 2005 bhí 350 cás idir lámha ar feadh níos mó ná bliain amháin. Timpeall a leath díobh siúd bhain siad le bearta

iomarcacha stiúirtheoirí. Sa bhliain 2005 thug an Oifig tosaíocht ó thaobh riaracháin de do na cionta seo arna dtuairisciú le súil go ndaingneofaí coigeartú na mainneachtainí arna dtuairisciú nó go dtabharfaí chun aitheantais an chuid acu a measadh gur údar imeachtaí forfheidhmiú coiriúla nó sibhialta a bhí iontu. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana chun coigeartú na mainneachtainí lena mbaineann a bhaint amach. Rinneadh measúnú ar níos mó ná 250 cás a bhain le hidirbhearta ar luach de níos mó ná €40 agus tugadh rabhadh do 700 stiúirtheoir maidir le húsáid mhíchuí mhaoin chuideachta. I go leor de na cásanna sin íocadh ar ais na hiasachtaí do na cuideachtaí agus bhain páirtithe leasmhara cuideachta leas as sin i bhfoirm riosca creidmheasa laghdaithe. In ainneoin sin d'fhán 320 cás breise fós idir lámha ag deireadh na bliana. Is é €176 milliún luach na mbearta lena mbaineann sna cásanna sin.

Modh Diúscartha Chásanna

Déanann **Aguisín 2.2.4** briseadh síos ar an modh a ndearnadh diúscairt ar na 2,111 gcásanna sa bhliain 2005 ag déanamh idirdhealú eatarthu de réir mar b'ábhar tuairiscí sainordaitheacha nó ábhar tuairiscí deonacha iad.

Fágтар ar leataobh na cásanna a cuireadh faoi bhráid an OSFC le go mbreathnófaí orthu nó a theastaigh go ndéanfadh an OSFC mionfhiosrú fúthu; b'fhéidir gur mó ab fhóinteach roinnt samplaí a thabhairt mar léiriú:

- nuair a d'fhéadfadh gníomh tráthúil an ghearánaí cosc a chur leis na himeachtaí ar chúis dá (h)imní iad agus
- nuair a bhain idirghabháil na hOifige toradh dearfach amach sa mhéid is gur leigheas sí sárú Achtanna na gCuideachtaí arna thuairisciú.

Mar atá curtha in iúl thuas is cúis choitianta gearáin don OSFC neamhíocaíocht fiacha. Ní ceist a bhaineann leis an OSFC áfach tabhairt faoi bhailiúchán fiacha ar son tríú páirtí; ní mór do chreidiúnaithe dul sa tóir ar leigheas dlí ar a son féin in éindí lena gcomhairleoirí gairmiúla de réir mar is cuí.

Léiriú 2.2.1: Cás Féich Shibhialta nach údar idirghabhála don OSFC é – Caithfidh Creidiúnaithe a gcuid Rioscanna Trádála a mheas roimh ré

Chuir trádálaí beag áiseanna sochair ar fáil ar bhonn míosúil do chuideachta san earnáil flaithiúlachta i láithreán sa chathair. Leathnaíodh an sochar gur fhás go €11,500 thar thréimhse seacht mí go dtí deireadh mí Márta 2005. Tamall beag ina dhiaidh sin rinne an trádálaí gearán don OSFC:

- go raibh deireadh curtha ag an gcuideachta le bheith ag feidhmiú,
- nach raibh teacht ar na prionsabail agus
- nach ndearnadh iniúchadh ar chuntais na cuideachta le dhá bhliain agus níos mó.

Ag déanamh measúnú ar an ngearáin fuarthas amach gurb é Márta 2004 an uair deireanach a chláraigh an chuideachta lena mbaineann tuairisceán bliantúil leis an OCC; tuairisceán don bhliain airgeadais a chríochnaigh an 31 Nollaig 2002 a bhí ann. Chuir na ráitis airgeadais a bhain leis an tuairisceán bliantúil sin in iúl:

- gur thabhaigh an chuideachta cailteanas,
- go raibh ardú de 100% ar líon na gcreidiúnaithe ón mbliain roimhe sin agus
- go raibh na glansócmhainní níos lú ná a leath de

Is rud coitianta dá mbeadh taighde déanta ag an gcreidiúnaithe roimh ré i leith na gcúinsí a bhain le cásanna a gcastar an OSFC orthu go raibh cosc curtha ar chailteanas airgeadais agus leis an oiread ama, costais agus trioblóide a bhaineann le hiarracht teacht suas le creidiúnaí. Sula dtéann siad i mbun caidreamh suntasach le cuideachta nó sula leanann siad ar aghaidh lena leithéid de chaidreamh, ba chóir do chreidiúnaithe

mhéid an scairchaipitil ghlaite.

Chomh maith leis sin ní raibh an gearánaí in ann dóthain dearbhaithe a sholáthar don OSFC gur leis an gcuideachta i ndáiríre a rinne sé trádáil agus nach le heintiteas neamh-inchorpraithe. Chinn an Oifig nárbh údar idirghabhála don OSFC an eolas a bhí ar fáil di. Cé go raibh an Oifig báúil go leor le comhbhail an ghearánaíthe, b'fhacthas di nach raibh aon bhunús bailí le bheith ag breithniú caingean forfheidhmithe faoi Achtanna na gCuideachtaí. Cé go gcuireann dlí cuideachta leigheasanna ar fáil chun déileáil le cásanna trádála dóchmhainní, ní théann na leigheasanna sin i bhfeidhm go huathoibríoch i ngach cás ina bhfágтар fiach gan íoc.

An ceacht atá le foghlaim óna leithéid seo de chás is ea go loiceann an iomad creidiúnaithe seiceáil bhunúsach ar shochar a pháirtithe trádála a dhéanamh. Sa chás seo ba léir dá mbeadh iniúchadh simplí déanta ar an doiciméadú a bhí cláraithe san OCC go raibh rabhadh faighte ag an ngearánaí faoin mbaol a bhain le sochar a thairiscint ar bhonn leanúnach don chuideachta nó don eintiteas trádála atá gaolmhar léi. Is de bharr gur chinn ar an trádálaí beag seo é sin a dhéanamh sa chás seo go raibh air cailteanas tráchtála suntasach a fhulaingt, méid an ghnó curtha san áireamh.

ar a laghad scrúdú a dhéanamh ar na sonraí airgeadais agus eile atá taiscthe in OCC agus meas a dhéanamh faoi an bhfuil an eolas atá cláraithe iniúchta agus suas chun dáta nó gar do bheith. Rianaíonn **Léiriú 2.2.1** na cúinsí a bhaineann le cás amháin ar phlé an OSFC leis i 2005, cás inar loic an creidiúnaí tabhairt faoin taighde seo agus inar fhulaingt sé cailteanas airgeadais de bharr an loicthe.

Léiriú 2.2.2: Cás Coigeartú Riaracháin ar Eolas Easnamhach a rinne Cuideachta Mheánmhéide tar éis Idirghabháil an OSFC

Faigheann an OSFC roinnt ghearán gach bliain ó dhaoine aonarach a bhaineann le cuideachtaí a chláraigh tuairisceán bliantúil leis an OCC nach raibh líonta amach go hiomlán. I go leor de na cásanna sin, is leor fiosruithe a dhéanann an Oifig nó gníomhaithe dá cuid chun an mainneachtain a chur ina ceart.

Mar shampla rinne duine gairmiúil cuardach i gClár OCC ar son cliant i 2005. De thoradh air sin rinne sé gearán leis an OSFC agus dúirt nach raibh an t-eolas a bhí cláraithe in OCC ag cuideachta ainmnithe iomlán i dtaca leis an tréimhse airgeadais a chríochnaigh an 31 Nollaig 2003. Dhearbhagh an gearánaí gur chreid sé gur cuideachta

mheánmhéide¹⁵ a bhí sa chuideachta agus nach raibh na ceanglais nochta comhlíonta aici go hiomlán mar ba chóir dá leithéid de chuideachta a dhéanamh. Is éard a bhí cláraithe ag an gcuideachta leagan giorraithe den chlár comhardaithe agus de thuirisc iniúcháir in éindí leis an tuairisceán bliantúil nuair ba chóir dá mba cuideachta mheánmhéide a bhí inti cuntais sochair agus dochair a bheith cláraithe aici freisin. Chuaigh an Oifig i dteagmháil le hiniúcháir na cuideachta i gceist agus shocraigh siadsan ina dhiaidh sin tuairisceán bliantúil a bhí líonta amach mar ba chóir a chur isteach ar son na cuideachta. Cuireadh in iúl don ghearánaí ina dhiaidh sin go raibh coigeartú déanta ar an mainneachtain.

O am go céile cuireann duine gearán chuig an OSFC le rá nach bhfuil eolas cláraithe san OCC ar chóir a bheith cláraithe. Is easnamh é sin ar chóir aird an OCC bheith dírithe air ar an gcéad ásc, ach mar sin féin

feicfidh an OSFC chuige go gceartófar é más iomchuí sna himthosca. Cuireann Léiriú 2.2.2 sampla ar fáil inar ceartaíodh eolas a bhí cláraithe san OCC de bharr idirghabháil a rinne OSFC i 2005.

Léiriú 2.2.3: Cás ina dhéanann an OSFC idirghabháil chun nochtadh Eolas Cuideachta a éascú do Pháirtí Leasmhar

D'éirigh achrann fostaíochta idir ball ceardchumainn agus cuideachta a bhí ag soláthar seirbhís phobail i limistéar Bhaile Átha Cliath. D'iarr ceardchumann an duine aonair sin clár bhall/scairsealbhoirí na cuideachta agus clár na stiúrthóirí a iniúchadh. Dhiúltaigh an chuideachta an chead an dá chlár a cheadú.

Sna sála air sin rinne an ceardchumann agus páirtithe éagsúla ag feidhmiú ar son na cuideachta teagmháil leis an OSFC chun léiriú a fháil ar theidliocht dhlíthiúil na cuideachta rochtain a dhiúltú. Tharraing an Oifig aird na cuideachtaí ar alt 119 agus alt 195 d'Acht na gCuideachtaí

1963 (arna leasú). Ceadáinn alt 119(1) do bhall anphobail clár na mball a iniúchadh agus ceadáinn alt 195(10) teacht den chineál céanna ar chlár na stiúrthóirí.

I ndiaidh na soiléirithe sin, lig an chuideachta d'ionadaí an cheardchumainn teacht ar na gclár de réir mar bhí iarrtha. I gcumarsáid a rinne sé leis an Oifig ina dhiaidh sin ghabh an ceardchumann a bhuíochas leis an OSFC as ucht na cabhrach a tugadh dó agus dúirt *“the information gleaned from this documentation is invaluable to us, as we prepare to represent our member in the Employment Appeals Tribunal”*.

¹⁵De réir bhrí Alt 8(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986.

De bhreis air sin is minic a thugann an OSFC cabhair do pháirtithe leasmhara na cuideachta seasamh dá gcearta féin faoi dhlí cuideachta. Soláthraíonn Léiriú 2.2.3 eiseamláir d'idirbheartaíocht rathúil a rinne OCFC i 2005 chun géilliúntas stiúrthóirí cuideachta i leith a ndualgas reachtúla a dhaingniú d'fhonn buneolas áirithe faoi chúrsaí na cuideachta a chur ar fáil do bhaill an phobail.

Baineann sé le taithí an OSFC freisin gur dóichí go bhfuil cineálacha áirithe cuideachta níos faillithí ná a chéile

maidir le cruinnithe Ginearálta Bliantúil a thionól nó iad a fhógairt de réir cheanglas an dlí chuideachta. Is mó is léir é sin i gcás cuideachtaí rathaíochta agus cuideachtaí neamhbhrabaigh (m. sh., cuideachtaí bainistithe arasáin nó carthanais), cuideachtaí príobháideacha le húinéireacht daingean gan aon scairsealbhoirí taobh amuigh den teaghlach agus cuideachtaí atá ag baint leas as maoinithe Scéim Méadaithe Gnó. Léiríonn Léiriú 2.2.4 cás amháin dá leithéid i 2005 inar chabhraigh an OSFC le comhaltaí cuideachta lena gcearta a chur i gcion faoi Achtanna na gCuideachtaí

Léiriú 2.2.4: Cás inar chabhraigh an OSFC le comhaltaí Cuideachta Bhainistíochta lena gcearta a chur i gcion agus míniú a iarraidh ar stiúrthóirí

I mí Dheireadh Fomhair 2005, rinne cónaitheoir in eastáit teagmháil leis an OSFC ag cur in iúl go raibh deacrachtaí aici le gníomhaí bainistíochta maidir le ceisteanna a réiteach. Ag an bpointe sin ní raibh fhios aici go raibh sí agus a comhchónaitheoirí ina gcomhaltaí i gcuideachta bhainistíochta an eastáit. Chuir an OSFC in iúl di gur le stiúrthóirí na cuideachta a gcaithfeadh sí agus comhaltaí eile na cuideachta a ngearán a shaothrú ar dtús.

Tar éis di dul i mbun cumarsáide neamhrathúla leis na stiúrthóirí maidir le tionól cruinníú ginearálta bliantúil na cuideachta agus maidir le fáil ar ráitis airgeadais iniúchta dá cuid, rinne an comhalta gearán foirmeálta leis an OSFC. Scríobh an Oifig ansin leis na stiúrthóirí maidir leis na ceisteanna ceannann céanna ach ní fuair aon fhreagra.

An easpa dul chun cinn curtha san áireamh d'fheidhmigh an Stiúrthóir a chumhacht¹⁶ chun cruinníú ginearálta bliantúil den chuideachta a ordú. Theastaigh de réir an ordaithe:

- go dtionólfá an cruinníú taobh istigh de chreat ama a bhí sainithe,

- go gcuirfí doiciméadú sonraithe chuig gach comhalta agus
- go gcuirfí in iúl do na comhaltaí gur ar iarratas an OSFC a bhíothas ag tionól an chruinnithe.

Thug an Oifig faoi deara nuair a rinneadh scrúdú ina dhiaidh sin ar an doiciméadú a eisíodh do na comhaltaí go raibh seachfhoirmeacha coinnithe siar, agus shocraigh an OSFC leis an chuideachta go seachadfaí na foirmeacha sin leis an bpost chuig gach comhalta faoi leith. Díreach sular cuireadh tús leis an gcruinníú, chomhthogair na stiúrthóirí stiúrthóir breise don bhord. Chuaigh an stiúrthóir sin i mbun rúnaíochta ansin ag cruinníú ginearálta bliantúil na cuideachta agus thug an 20 comhalta a bhí i láthair gnó an chruinnithe chun críche go rathúil.

I ndiaidh an chruinnithe scríobh an comhalta litir ag gabháil a buíochas don Oifig as a phraise is a bhíothas agus aire á thabhairt dá gearáin. Scríobh sí *“While a lot of questions remain unanswered by the directors, it has commenced dialogue and perhaps now we can move forward.”*

¹⁶De bhun alt 131 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú).

agus ar an dóigh sin tionchar a imirt ar a bhí i ndán don chuideachta sa todhcháí.

Cinnté ní bheidh an OSFC ag fanacht i gcónaí ar ghearán ón bpobal sula dtabharfar chun aitheantais saincheist a oireann d'idirghabháil sa gcás gur féidir sin. Is sampla **Léiriú 2.2.5** de shaincheist a bhí sa réimse phoiblí. Cé nárbh údar idirghabhála don OSFC na saincheisteanna príomha i dtosach báire, rinne an Oifig faireachán ar na cúinsí a bhain leis an gcuideachta ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na bliana 2005. Sa dara leath de 2005,

rinneadh bearta lena chur in iúl don chuideachta go raibh oibleagáidí aici faoi dhlí cuideachta líon na bhfostaithe a nochtadh mar ba chúí sna cuntais bhliantúla.

Ba dhóigh freisin gur bhain cúinsí an cháis seo le cuideachtaí eile a raibh a chomhchosúlacht de chleachtas fostaíochta á úsáid iontu agus creideann an Stiúrthóir dá réir, gur maith an rud é, comhsheasmhach lena fheidhm i leith géilliúntais, go dtugann sé chun suntais an chaoi ar chóir déileáil le socrúithe fostaíochta den chineál céanna agus ar aon scála leo i ráitis airgeadais cuideachta.

Léiriú 2.2.5: Gama Construction Ireland Limited – Cás ina spreagann an OSFC géilliúntas sa todhcháí

In imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnaigh¹⁷ a fuair éisteacht san Ard-Chúirt in Aibreán/Bealtaine 2005, dúradh ar son Gama Construction Ireland Limited máthairchuideachta atá cláraithe in Éirinn (“an Chuideachta”), nach raibh aici ach aon fhostaí Turcach agus gur fostaithe ar iasacht ó chuideachta a bhí gaolmhar léi - Gama Endustri Tesisleri Imalat Ve Montaj AS (“Gama Endustri”) a bhí sna céadta daoine eile ón Tuirc a bhí ag obair i láithreáin a d'oibrigh an chuideachta (agus/nó cuideachtaí gaolmhara). Sa Mhionnscribhinn ar son na Cuideachta dúradh:

“The 2003 accounts [for the Company] contain a note to the effect that GAMA Ireland had 1,066 employees to whom €28,051,524 was paid in the course of 2003. I would however note that this does not involve the acceptance by [the Company] that the employees were other than the employees of GAMA Endustri...”¹⁸

Cláraíodh Cuntais Ghrúpa na Cuideachta don bhliain 2004 san Oifig um Chlárú Cuideachtaí an 28 Deireadh Fómhair 2005. Is iontu a dúradh in athuair gurbh é 1006 ar an meán líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCuideachta i gcaitheamh na bliana 2003 agus cuireadh in iúl iontu freisin inter alia gur 1,118 líon na bhfostaithe ar an meán a bhí ag an gCuideachta i 2004. D'admhaigh an nóta ábhartha faoi chostais fhoirne agus fostaithe na Cuideachta sna Cuntais sin don chéad uair go raibh íocaíochtaí d'fhostaithe Gama Endustri a bhí ar iasacht ag an gCuideachta agus ag cuideachta gaolmhar léi .i. Gama-Tubin Construction Ltd áirithe sna costais¹⁹.

Is é an modh inar thuairiscigh Cuntais Ghrúpa na Cuideachta na socrúithe foirne a bhí aici a thug ar an OSFC géilliúntas na cuideachta i leith cheanglais Rialúcháin na gComhphobal Eorpach (Cuntais Ghrúpa Cuideachta) 1992²⁰ (“Rialúcháin na bliana 1992”) a iniúchadh. I ndiaidh na cumarsáide leis an gcuideachta, is é léirbhreithniú an OSFC:

- gur chóir don Chuideachta a chur in iúl go soiléir san eolas a chláraíonn sí lena Cuntais Ghrúpa líon na ndaoine a bhí fostaithe faoi conarthaí seirbhíse ag an gCuideachta agus ag fochuideachtaí²¹ dá cuid agus
- de bharr cionmhaireacht ard na n-oibrí ar iasacht, gur chóir don Chuideachta a thabhairt chun aitheantais go leithleach ina Cuntais Ghrúpa na figiúirí maidir le daoine den chineál sin agus eolas cuí a sholáthar maidir le socrúithe na n-iasachtaí, ag féachaint don cheangal sárartheach: “group accounts must give a true and fair view of the company's state of affairs”²².

De bhun an róil atá aici i leith géilliúntais, chuir an OSFC na tuairimí sin in iúl don Chuideachta go deireanach i 2005/go luath i 2006 agus tugadh cuireadh di glacadh leis an míniú seo ar na hoibleagáidí a leanann astu siúd arna bhforchur ag Rialúcháin na bliana 1992 don todhcháí.

Aidhm 2.3: Coimisiniú/Tacú le Fiosrúcháin Foirmeálta Cuideachta

Baineadh úsáid ar bhonn réasúnta rialta le deireanas as fiosrúcháin bhreithiúnacha agus as scrúdaithe gairmiúla ar dhoiciméadú cuideachta chun cásanna ina raibh amhras faoi mhí-iompar cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí atá cláraithe i dtíortha thar lear a fhiosrú. Ní hamháin go bhfuil cumhacht ag an Stiúrthóir a iarraidh ar chuideachta agus ar dhaoine gaolmhara doiciméid a thabhairt ar airde go díreach, ach tá cumhacht níos cuimsithe aige sa réimse seo a ligeann dó doiciméid agus ábhar gaolmhara leo a fháil ar ordú ón gCúirt Dúiche le barántas cuardaigh agus faoi na hAchtanna um Fhianaise Leabhar Baintear.

Fiosrúcháin Chríochnaithe

Ansbacher (Cayman) Ltd.

Phlé Tuarscálacha Bliantúla OSFC a foilsíodh roimhe seo le forbairtí a tháinig sna sála ar fhoilsiúchán Thuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte i leith Ansbacher (Cayman) Ltd. agus cúrsaí gaolmhara i mí Iúil 2002. Tar éis dó a bhreithniúchán a thabhairt chun críche, chinn an Stiúrthóir i 2005 go raibh daoine a cáineadh i dTuarscáil na gCigirí ar dhlígh a mí-iompar gur féidir imeachtaí dícháilithe a thionscnamh ina leith. D'fhógair sé do roinnt acu go raibh sé de rún aige imeachtaí a thionscnamh de réir alt 160(7) d'Acht na gCuideachtaí 1990. Bhí an cheist maidir le hullmhúchán imeachtaí dícháilithe sna cásanna sin á scrúdú ag deireadh na bliana 2005.

Barnroe Ltd.

Chuir Tuarscáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2004 in iúl gur thionscain an Stiúrthóir imeachtaí cúirte chun ordú dícháilithe a bhaint amach i leith beirt stiúrthóirí de Barnroe Ltd., cuideachta tógála a raibh a oifig cláraithe ag an am ag 4c Kiltalawn Cottages, Bóthar Blessington, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Bhí sé scríofa sa Tuarscáil freisin go raibh cinneadh an stiúrthóra gan a chumhachtaí imscrúdaitheacha a fheidhmiú i leith na cuideachta sin ina ábhar in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ag deireadh na bliana 2004

Fuair na himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh²³ éisteacht san Ard-Chúirt i Meitheamh na bliana 2005 agus fuair na himeachtaí i leith dícháilithe²⁴ éisteacht i mí Mheán Fómhair 2005. Tá cineál an eolais faoi chúrsaí na cuideachta a chuir an Stiúrthóir os comhair na Cúirte ag tacú leis an iarratas chun ordú dícháilithe a dhéanamh sa chás seo i **Léiriú 2.3.1** a ghabhann leis seo. Seachadadh breith sa dá chás an 21 Nollaig 2005²⁵. D'ordaigh an Chúirt ordú dícháilithe a chur ar an dá stiúrthóir Patrick Rogers agus Paul Rogers ar feadh tréimhse chúig bliana, cé gur tugadh do na stiúrthóirí achar míosa ón dáta sin chun aon bhaint a bhí acu leis an gcuideachta a chur díobh comhsheasmhach leis na horduithe dícháilithe. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt do na faoisimh a d'iarr Barnroe Ltd., Patrick Rogers agus Paul Rogers sna himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnais.

I gcor faoi leith sa scéal sin chuir na Coimisiniúirí Ioncaim iarratas rathúil chuig an Ard-Chúirt i mí Dheireadh Fómhair 2005 go ndéanfaí forcheannadh ar an gcuideachta agus ag deireadh na bliana 2005 bhí sí fós faoi leachtú go hoifigiúil.

¹⁷ Gama Construction Ireland Limited (Iarratasóir) v An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Edward Nolan (Freagróirí), Ard-Chúirt Uimhir Thaidí 2005/374 JR.

¹⁸ Mír 36(i) den Mhionnscribhinn a mhionnaigh Hakan Karaalioglu an 12 Aibreán 2005 ar son na Cuideachta.

¹⁹ Nóta 5 do Ghrúphcuntais na Cuideachta don bhliain a chríochnaíonn 31 Nollaig 2004.

²⁰ I.R. Uimh. 201 ó 1992.

²¹ Mír 15 den Sceideal do Rialacháin na bliana 1992.

²² Rialachán 14 de Rialacháin na bliana 1992.

²³ An Ard-Chúirt – Athbhreithnithe Breithiúnacha – 638 JR/2004 agus 639 JR/2004.

²⁴ Maidir le Barnroe Limited agus Maidir le Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003 agus Maidir le hIarratas de bhun Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí 1990 Idir an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Iarratasóir agus Patrick Rogers agus Paul Rogers, Freagróirí – An Ard-Chúirt – 2004 Uimh. 490 COS.

²⁵ 2005 IEHC 433 agus 2005 IEHC 440. Tá cóipeanna ar fáil ag www.odce.ie.

Léiriú 2.3.1: Barnroe Ltd. - Cineál Fianaise OSFC i leith a Ghnóthaí

Áirítear ar chineál na fianaise a chuir an OSFC os comhair na Cúirte ina hiarratas chun ordú dícháilithe a bhaint amach i leith Patrick Rogers agus Paul Rogers (“na Freagróirí”):

- tuairim an chuntasóra ghairmiúil a rinne iniúchadh ar leabhair agus ar dhoiciméid na cuideachta gur theip ar an gcuideachta agus ar na hoifigí leabhair chui chuntas a choinneáil de réir bhrí alt 202 d’Acht na gCuideachtaí 1990;
- fianaise go raibh na Freagróirí ag baint áis as cuntas bainc chuideachta nach raibh taifeadta i leabhair ná i dtaifid na cuideachta;
- fianaise gur theip ar na bhFreagróirí a chur in iúl d’iniúcháir na cuideachta go raibh an cuntas sin ann;

- fianaise gur mhídhílsigh na Freagróirí maoiniú cuideachta chun cuntas bainc phearsanta agus gur bhain siad úsáid as cuntas bainc chuideachta chun críche a gcaiteachas pearsanta;
- fianaise gur chuir na Freagróirí faoi deara na cuideachta airgead a chaitheamh i ndáil le maoin ar leo féin í;
- fianaise gur theip ar an gcuideachta tuairisceáin chánach a chlárú ar bhonn tráthúil agus
- fianaise gur chuir na Freagróirí faoi deara na cuideachta trádáil a dhéanamh thar tréimhse fadaithe nuair ba dhócmhainneach don chuideachta.

Kentford Securities Ltd.

Rinne Tuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 tagairt don breithniú a rinne an Stiúrthóra ar thuairisc na Roinne maidir le hiniúchadh leabhar agus dhoiciméad na cuideachta seo. Tar éis an réamhobair a theastaigh a thabhairt chun críche thionscain an Stiúrthóir imeachtaí i leith dícháilithe san Ard-Chúirt i mí Mhárta 2005 i gcoinne iarstíúrthóir a bhí ina iar-iniúcháir sa chuideachta. Mar fhreagra chuir an duine i gceist iarratas ina dhiaidh sin chuig an Ard-Chúirt go scriosfaí na himeachtaí i leith dícháilithe ar chúiseanna a bhain le rómhoill. Éisteadh leis an bhforiarratas i leith moille san Ard-Chúirt i mí na Nollag 2005 agus forchoimeádh breithiúnas.

National Irish Bank Ltd./National Irish Bank Financial Services Ltd. (NIB)

Foilsíodh Tuarascáil na gCigirí faoi NIB an 30 Iúil 2004. Tar éis dó an Tuarascáil a bhreithniú go cúramach, thug an Stiúrthóir faoi deara cé go raibh cáineadh déanta ar roinnt daoine ainmnithe nach raibh aon chomhalta de Choiste Iniúchta an NIB ainmnithe. B’amhlaidh a bhí sé in ainneoin go raibh cáineadh déanta ar an gCoiste mar gheall ar gur ghlac sé le gníomh leighis a bhí molta i ndáil le géilliúntas an Bhainc i leith oibleagáidí dá chuid a bhain le Cáin Choinneála ar Ús Taisce nuair nár thug na moltaí sin aghaidh ar an gceist maidir le dliteanas poitéinseal aibhreachaitheach an Bhainc sa réimse

sin. An ról tábhachtach atá ag coistí iniúchta i rialachas corparáideach ag tabhairt obair chun críche curtha san áireamh agus tar éis glacadh le comhairle dlí, bhraith an Stiúrthóir go mba chóir dó dul go dtí an Ard-Chúirt ag lorg ordú a thabharfadh cead do na Cigirí an duine/na daoine ar an gCoiste Iniúchta a bhí siad ag cáineadh a ainmniú. Ba é cuspóir an iarratais é a chur ar chumas an Stiúrthóra breithniú a dhéanamh faoi an raibh in aon cheann de na cásanna seo údar imeachtaí dlí i leith dícháilithe a thionscnamh.

Tar éis fhógra na n-imeachtaí²⁶ d’éist an Ard-Chúirt foriarratas an Stiúrthóra i mí na Feabhra 2005. Sa bhreithiúnas a rinneadh in Aibreán 2005 dhiúltaigh an Chúirt iarratas an Stiúrthóra a lamháil²⁷.

I gcomhréir le halt 160(7) d’Acht na gCuideachtaí 1990, scríobh an Stiúrthóir go leithleach i mí Márta 2005 chuig naoi n-iarbhainisteoirí sinsearach an Bhainc ar cáineadh iad i dTuarascáil na gCigirí ag cur in iúl dóibh go raibh sé de rún aige ordú dícháilithe a iarraidh ina leith san Ard-Chúirt. Tar éis na freagraí a fuair sé a bhreithniú in éindí lena chomhairleoirí dlí, thionscain an Stiúrthóir imeachtaí dícháilithe i gcoinne gach duine den naonúr i mí Iúil 2005.

Ghlac duine de na freagróirí Nigel D’Arcy, iarcheann Roinn Comhairle Airgeadais agus Seirbhísí an Bhainc, lena dhícháilíú²⁸. Tar éis na cinntí i dTuarascáil na gCigirí a bhreithniú chinn an Ard-Chúirt i mí Dheireadh Fómhair 2005 go gcuirfí ordú dícháilithe ar an tUasal D’Arcy ar feadh tréimhse deich mbliana le héifeacht láithreach²⁹.

Tar éis na mionscríbhinn a thaisc roinnt den ocht bhfreagróir eile ag cur in aghaidh na n-imeachtaí i leith dícháilithe a bhreithniú chinn an Stiúrthóir go dteastódh doiciméadú a bhí i seilbh na gCigirí NIB lena dheimhniú don Ard-Chúirt nach raibh cáineadh na bhfreagróirí ar chinntí na gCigirí bailí. Dá réir sin d’iarr sé ar an gCúirt na Cigirí a ordú catagóirí áirithe sainmhínte doiciméad a thabhairt ar aird. Éisteadh iarratas an Stiúrthóra i mí na Nollag 2005 agus chuir na Cigirí agus roinnt de na freagróirí ina choinne. Bhíothas ag fanacht le breithiúnas na Cúirte ag deireadh na bliana 2005.

²⁶ Maidir le National Irish Bank Limited agus Maidir le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003 agus Maidir le hIarratas an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach de bhun Alt 12 d’Acht na gCuideachtaí 1990 – Imeachtaí Ard-Chúirte Uimhreacha Taifid: 1998/89 COS and 1998/132 COS.

²⁷ Re National Irish Bank Limited [2005] IEHC 126. Tá cóip ar fáil ag www.odce.ie.

²⁸ Maidir le National Irish Bank Limited agus Maidir le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2003 agus Maidir le hIarratas an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach de bhun Alt 160(2) d’Acht na gCuideachtaí 1990 Idir An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Iarratasóir agus Nigel D’Arcy, Freagróir – Imeachtaí Ard-Chúirte Uimh. Taifid: 2005/270 COS.

²⁹ An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach v D’Arcy [2005] IEHC 333. Tá cóip ar fáil ag www.odce.ie.

Scrúdú Cuideachta eile a rinne OSFC

Rinneadh tagairt i dTuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 do scrúdú a rinneadh ar leabhair agus ar dhoiciméid chuideachta nach raibh ainmnithe. Tugadh chun críche an scrúdú sin ach níor sholáthar sé bunús do chaingean forfheidhmithe faoi Achtanna na gCuideachtaí maidir le gnóthaí na cuideachta.

Fiosrúcháin Leanúnacha

AIB Investment Managers Ltd.

Phlé Tuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 le fadhbanna stairiúla áirithe AIB Investment Managers Ltd. a chuir faoi deara an Stiúrthóra leabhair agus doiciméid áirithe na cuideachta a scrúdú. Bhreithnigh an Stiúrthóir i 2005 torthaí ar mhionfhiosrúchán a rinne an Rialtóir Airgeadais ar na himeachtaí ceannann céanna agus bhí an cás fós ar siúl ag deireadh na bliana 2005.

Cologne Reinsurance (Dublin) Limited

Rinneadh cáineadh i dtuairiscí sna meáin i mí an Mheithimh 2005 ar ghníomhaíochtaí Cologne Reinsurance (Dublin) Limited (“an Chuideachta”) agus go sonrach ar roinnt chonartha amhrasacha atharachais a rinne sí i 2001 agus 2002 le comhaltaí an Ghrúpa AIG. I ndiaidh don Stiúrthóir dul i dteagmháil leis an gCuideachta agus leis an Rialtóir Airgeadais chinn sé oifigeach dá chuid a ainmniú chun scrúdú a dhéanamh ar leabhair agus ar dhoiciméid na Cuideachta. Cuimsíodh dearbhú maidir leis an gcinneadh sin i gcomhad a chláraigh an AIG leis an Securities and Exchange Commission sna Stát Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2005.

Ón uair a rinneadh an cinneadh sin, chuir an Chuideachta méid mór ábhair ar fáil don oifigeach. Fuair sé cúnaimh ón Rialtóir Airgeadais freisin. Bhí an obair seo fós ar siúl ag deireadh na bliana 2005.

Scrúduithe Cuideachta Roinne

I 2005 choinnigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta an Stiúrthóir ar an eolas maidir le dul chun cinn i ndáil le scrúduithe fadtréimhse leabhair agus dhoiciméid College Trustees Ltd., Guinness and Mahon (Ireland) Ltd. agus Hamilton Ross Company Limited.

Dunnes Stores Ireland Company/Dunnes Stores (ILAC Centre) Ltd.

Tá míniú tugtha i Tuarascáil Bhliantúil an OSFC ó na blianta roimhe seo ar na cúinsí a chuir siar go dtí lár na bliana 2003 tús iarbhair scrúdú leabhair agus doiciméid Dunnes Stores Ireland Company agus Dunnes Stores (ILAC Centre) Ltd. Lean Cyril Houlihan, ball foirne in OSFC ag obair ar na scrúduithe sin ag deireadh na bliana 2005.

Conclúid

Is ar bhonn leanúnach i 2005 a réitigh an Oifig le taca ó pháirtithe leasmhara cuideachta cuid mhaith de na heasnamh i dlí cuideachta ar cuireadh ar a súile di nó a nocht sí ar bhealach eile. Is éard an dúshlán deacair atá ann di i gcónaí an chaoi chun déileáil go tráthúil agus go féarálte leis na tuairiscí agus leis na gearáin uile a thagann chuici. Cé gur thug an OSFC faoi deara agus gur fháiltigh sí roimh an laghdú de bharr athrú sa dlí ar mhéid na mainneachtainí i leith tuairisceán bliantúil a tuairiscíodh faoi cheann na bliana 2005, ní bheidh tionchar le sonrú ar ualach oibre iomlán na hOifige i 2006 dá bharr ós rud é go mbaineann na mainneachtainí sin leis an OCC go príomha ó thaobh forfheidhmithe de.

Aidhm 3 – Sáruithe Nochta d'Achtanna na gCuideachtaí a Ionchúiseamh

Réamhrá

Bliain an-ghníomhach don Oifig a bhí i 2005 i dtaca le forfheidhmiú. Cé nach raibh mórán difir idir 2005 agus an bhliain roimhe sin ó thaobh líon na gcúiseamh coiriúla i ndáil le sárú Achtanna na gCuideachtaí a tugadh os comhair na cúirte (112 chúiseamh i 19 gcás i 2005 vis-à-vis 99 i 20 cás i 2004), an rud ba shuntasai ba ea go raibh an cóimheá a baineadh amach idir imeachtaí sibhialta agus imeachtaí coiriúla níos fearr. Baineadh amach 49 gciontú agus 21 dícháiliú (i gcomparáid le 66 agus trí faoi seach i 2004).

Ba shuntasach freisin ainneoin laghdú sna ciontuithe gur tháinig ardú de 70% ar mhéid iomlán na bhfineálacha a gearradh sna cúirteanna ón €21,550 a gearradh i 2004 go dtí níos mó ná €35,000. Is táscaire freisin an méadú ar na fineálacha gur shíl na Cúirteanna go raibh cásanna na bliana seo caite níos tromchúisí ina iomláine ná cásanna na bliana 2004 agus is í aidhm na hOifige cásanna d'ardchaighdeán ina bhfuil amhras faoi mhainneachtain a thabhairt os comhair na cúirte le haghaidh forfheidhmiú dlí ar bhonn leanúnach.

De bhreis bhí sásamh le baint as an rath a bhí ar an Oifig ó thaobh toradh inghlactha a bhaint amach i mórán gach uile chás a ndearna na Cúirteanna cinneadh air i 2005.

Imeachtaí Dlí

Ar bhuaicphointí na bliana 2005 i ndáil le himeachtaí forfheidhmithe coiriúla an OSFC áirítear:

- seisear a chiontú a bhí faoi ordú srianta ar theip orthu cloí le téarmaí an srianta i ndiaidh don Ard-Chúirt breithniú a dhéanamh ar a n-iompar mar stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha san am atá caite. I gceann de na cásanna sin (a bhfuil achomharc á dhéanamh faoi i láthair na huair) gearradh téarma sé mhí de phríosún a cuireadh ar fionraí ar feadh dhá bhliain ar an stiúrthóir. Ní hamháin gur gearradh fineálacha substaintiúla i leith na gciontuithe seo ach bhí dícháiliú ar feadh tréimhsí ó thrí go dtí cúig bliana ag gabháil leo mar iarmhairt i ngach cás;
- tionscnamh an chéad ionchúisimh faoi alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990 ag eascairt as úsáid doiciméid fhalsaithe a d'fhear ar nó a bhain le maoin nó le cúrsaí cuideachta.

Áirítear ar fhorbairtí tábhachtacha in imeachtaí forfheidhmithe sibhialta an OSFC i 2005:

- tionscnamh imeachtaí dícháilithe i gcoinne naoi n-iarstiúrthóirí nó bainisteoirí sinsearach de National Irish Bank Ltd. mar iarmhairt ar chinntí i dTuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte 2004. Ba é seo an chéad uair ar baineadh úsáid as Tuarascáil Chigirí na hArd-Chúirte chun tacú go díreach le himeachtaí dícháilithe Tá mionphlé déanta ar na cúinsí sa chuid sin den Tuarascáil seo a chuaigh roimhe;
- tréimhsí dícháilithe ar feadh cúig bliana a gearradh ar dhá stiúrthóir ar chuideachta thógála dócmhainní ag eascairt as a mí-iompar i leith stiúradh cúrsaí na cuideachta. Tá mionphlé déanta ar an gcás sa chuid sin den Tuarascáil seo a chuaigh roimhe mar a bhfuil Léiriú 2.3.1 ag gabháil leis, a léiríonn cineál an mhí-iompair nochta a rinne an Ard-Chúirt breithniú air sula ndearnadh an cinneadh go raibh an dícháiliú fóirsteanach;
- dícháiliú deich stiúrthóir cuideachtaí dócmhainneacha ar feadh tréimhsí ó bhliain amháin go cúig bliana, cuideachtaí ar baineadh

go hainneonach de Clár na gCuideachta iad de bharr gur theip orthu níos mó ná uair amháin tuairisceán bliantúil a chlárú;

- tionscnamh an chéad ghnímh fhorfheidhmithe sibhialta inar ordaíodh do chuideachta agus do stiúrthóir cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól de réir an dlí tar éis é a chinnt orthu géilleadh le hordú é sin a dhéanamh de bhun alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963. Féach Léiriú 3.1.1 a leanas le haghaidh tuilleadh sonraí;
- fáil den chéad uair ar ordú, freisin faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963, ag cur iallach ar leachtaitheoir imeachtaí srianta nach raibh aon scaoileadh ón oibleagáid faighte aige ina leith a thionscnamh agus an dara tuarascáil a chur chuig an OSFC de bhun alt 56 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001;
- orduithe a fháil ag nasc an Stiúrthóir le himeachtaí arna eisiúint ag stiúrthóirí srianta faoi alt 152 d'Acht na gCuideachtaí 1990 le haghaidh scaoilte ó téarmaí na n-orduithe srianta. D'iarr an Stiúrthóir go nascaí leis na himeachtaí é ionas go mbeadh sé in ann cur in aghaidh dámhachtain scaoilte (go hiomlán nó go páirteach) ón srianadh.

Ba shuntasach an bhliain í freisin toisc go raibh ionadaíocht dlí ag an OSFC ag éisteacht os comhair an European Court of Justice i gcás Eurofood (IFSC) Ltd. a rabhtas ag fanacht ar chinneadh ina leith ag deireadh na bliana. Tá cúlra an cháis sin rianaithe i Léiriú 4.1 sa Tuarascáil Bhliantúil OSFC don bhliain 2004.

Ina iomláine ghlac an Stiúrthóir páirt go díreach i 69 gcinn d'imeachtaí dlí; sna hUaschuirteanna a bhí 40 cinn ar siúl agus bhí 29 gcinn ar siúl sa Chúirt Dúiche. De na himeachtaí dlí sin, tugadh 35 chun críche agus bhí 34 fós ar siúl ag deireadh na bliana. Seachas dhá cheann bhí dea-thoradh ar na himeachtaí a tugadh chun críche sa mhéid is gur chur siad gníomhaíocht forfheidhmithe an OSFC chun cinn nó gur bhain siad amach toradh sásúil eile. Bhí achomhairc á dhéanamh in dhá chás ag deireadh na bliana, ceann a rinne an Stiúrthóir i leith chinneadh na hArd-Chúirte gan ordú srianta a ghearradh ar stiúrthóir cuideachta a baineadh de Chlár na gCuideachtaí de bharr a teipe tuairisceán bliantúil a chlárú agus an ceann eile a rinneadh duine

srianta ar ciontaíodh agus ar dícháilíodh í as ucht a gníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn di bheith ag sárú na gcoinníollacha reachtúla a rialaíonn srianadh. Tá forbheathnú ar thoradh na n-imeachtaí sin de réir cineáil curtha ar fáil in **Aguisín 3.1**.

Déanann an tábla thíos coimriú ar chineál na gcinneadh Cúirte a rinneadh in imeachtaí dlí rathúla a raibh an Stiúrthóir rannpháirteach iontu i 2005 (i gcomparáid le 2004).

Rianaíonn **Aguisín 3.2** cineál na n-imeachtaí Cúirte a raibh an Stiúrthóir gafa leo sa bhliain 2005 maille le stádas agus le toradh coimrithe gach cineál.

In **Aguisín 3.3** ainmnítear na páirtithe ar mheas an Ard-Chúirt agus an Chúirt Dúiche gur sháraigh siad a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí. Chuir an OSFC torthaí caingne forfheidhmithe dá cuid ar fáil go leanúnach ar shuíomh idirlín an OSFC (www.odce.ie) go gairid i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte.

Líon/Cineál na dTorthaí Forfheidhmithe Rathúla	2004	2005
Orduithe Leabhar Baineoirí	2	-
Cúisimh inar baineadh amach ciontuith	66	49
Cúisimh curtha san áireamh tar éis ciontaithe	9	28
Cúisimh a mheastar a bheith cruthaithe	24	35
Dícháilithe	3	21
Athbheithnithe Breithiúnacha	-	2
Orduithe a rinneadh in imeachtaí géilliúntais	2	1
Sriantaí	2	-
Coinneáil Dhoiciméad Urghafa	5	4
Barántais Chuardaigh	4	-
Cinntí eile	5	4
Iomlán	122	144

Cásanna Forfheidhmithe

Bhí méadú ar chásanna ar dhéileáil an Oifig leo anuraidh arbh fhéidir caingean forfheidhmithe choiriúil a bheith i gceist leo. Bhí 368 gcás ar na bioráin ag deireadh na bliana 2005 i gcomparáid le 284 ag tús na bliana. Fuarthas isteach 159 gcás nua ina iomláine sa bhliain 2005. Tá eolas breise ó thaobh staitisticí de in **Aguisín 3.4** ar láimhdeachas na cásanna sin i 2005 vis-à-vis 2004.

Taispeánann **Aguisín 3.5** i dtaca le tréithe na gcásanna atá idir lámha a bhfuiltear ag déanamh breithniú orthu maidir le caingean forfheidhmithe go bhfuil dhá mhórchatagóir chionna in uachtar: teip maidir le leabhair chúil chuntas a choinneáil (alt 220 d'Acht na bliana 1990) agus loiceadh stiúrthóirí srianta téarmaí an ordú srianta a chomhlíonadh (alt 161 d'Acht na bliana 1990).

In iarracht a rinneadh chun déileáil leis an ardú i líon na gcásanna forfheidhmithe, lean an oifig ag cur barr feabhais ar an gcóras maidir le tús áite a thabhairt do chás amháin seachas a chéile. Leis sin a dhéanamh ba den riachtanas cásanna tromchúiseacha a roghnú le go ndéanfaí scrúdú níos mine orthu, agus cinneadh a dhéanamh cásanna gan an oiread céanna fiúntais a dhúnadh. Go minic téann an Oifig go díreach i mbun comhráite leis na daoine atá faoi amhras agus/nó lena n-íniúcháir agus is féidir gur dóthanach é sin le go dtabharfaidh na daoine lena mbaineann faoi cibé gníomh leighis is gá le nach dtarlódh an mhainneachtain in athuair. Mar shampla maidir le heasnaimh i leith leabhair chúil chuntais a choinneáil, b'fhéidir go bhfostóidh an chuideachta duine leis na cáilíochtaí cuí chun an obair sin a dhéanamh sa todhcháil.

De bhreis má dhéanann an OSFC cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i leith gearáin amháin nó tuairiscithe amháin ní chuireann sin bac ar an OSFC na fíricí a bhaineann leis an gcás sin a chur san áireamh nuair a bhreithníonn sí cás an dara gearán agus tuilleadh leis i leith na bpáirtithe céanna féachaint an roghnóidh sí a feidhm mar ionchúisitheoir a chleachtadh.

Fo-aidhm 3.1: Polasaí Forfheidhmithe Cothrom a chur chun cinn

Mar a cuireadh in iúl thuas is de bharr an chumaisc idir líon na gcásanna agus a laghad de phearsanra forfheidhmithe atá i mbrollach an chatha go bhfuil sé d'oibleagáid ar an Oifig a bheith nuálach, i gcomhréir agus freagrach agus an beartas forfheidhmithe á chur i bhfeidhm aici ionas go mbainfear úsáid as an réimse iomlán de ghníomhartha forfheidhmithe atá ann ar mhodh a chinntíonn an toradh is fearr ar an úsáid acmhainne is lú.

Dá bhrí sin má chuirtear san áireamh ar thaobh amháin tosca cosúil le tréithe agus le scála an chionna agus ar an taobh eile cáilíocht na fianaise agus an teacht a bhí uirthi, bhí orainn i 2005 úsáid a bhaint go seasta as ceann nó níos mó de na roghanna a leanas chun mí-iompar a cheartú, a chur dá threoir nó chun pionós a ghearradh ina leith faoi Achtanna na gCuideachtaí:

- glacadh le cóir leighis iarbhír nó le tairiscint an mhainneachtain a chur ina cheart ar bhonn deonach;
- litir rabhaidh a eisiúint ag cur in iúl go gcaithfí níos déine leis an mainneachtain dá dtarlódh sí in athuair;

Léiriú 3.1.1: Grangewood Estate Services (Rosslare) Limited – Gá le himeachtaí Ard-Chúirte chun a chinntiú go dtionólfá CGB

I ndiaidh gearáin a fháil ó chomhaltá cuideachta bhainistíochta gur chlis ar an gcuideachta CGB a thionól i gcomhréir lena hoibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí, d'eisigh an Stiúrthóir éileamh faoi alt 145 d'Acht na gCuideachtaí 1963 go dtabharfaí miontuairiscí faoi chruinnithe na cuideachta ar airde le fírinne an scéil a chinntiú maidir le tionól CGB na cuideachta. Ba léir ó na miontuairiscí a thug an chuideachta ar airde ná tionóladh CGB sna tréimhsí ábhartha. Dá bhrí sin d'eisigh an oifigeach treoir faoi alt 131 d'Acht na bliana 1963 gur ghá CGB a thionól.

Nuair ba shoiléir nach gcomhlíonfaí an treoir sin

- litir rabhaidh a eisiúint ag moladh go gcuirfí ina cheart go luath an mhainneachtain, agus mura gcuirfí go dtionscnófaí imeachtaí san Ard-Chúirt le géilliúntas a chinntiú;
- meachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh chun pionós dícháilithe agus srianta a ghearradh i leith neamhghéilliúntas san am atá caite;
- imeachtaí coiriúla a chur ar bun i gcás ina bhfuil amhras faoi chion i leith dlí cuideachta;
- cion indíotáilte a chur faoi bhráid Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí le cinneadh a fháil.

Tá tagairt déanta in áiteanna eile sa Tuarascáil seo don rath a bhí ar an Oifig coigeartú deonach a bhaint amach i leith mainneachtainí áirithe agus/nó de bharr rabhadh a thabhairt do dhaoine áirithe go mbreathnófaí níos géire ar aon mhainneachtain dá leithéid dá dtarlódh sí in athuair. I gcás amháin i 2005 chlis ar ár n-iarrachtaí coigeartú a bhaint amach ar bhonn riaracháin i leith mainneachtana agus níorbh fholáir ordú Ard-Chúirte a fháil chun géilliúntas a chinntiú. Tá mionsonraí faoin gcás a bhain le loiceadh cuideachta CGB a thionól sa **Léiriú 3.1.1** a ghabhann leis seo.

thionscain an Stiúrthóir imeachtaí Ard-Chúirte i gcoinne na cuideachta agus i gcoinne stiúrthóir faoi alt 371 d'Acht na bliana 1963. Iarradh sna himeachtaí sin orduithe go ndéanfadh an chuideachta agus an stiúrthóir an mhainneachtain a cheartú agus CGB a thionól; iarradh freisin ar ordú chun costais an Stiúrthóra a íoc.

Tar éis tús a chur le himeachtaí Ard-Chúirte ghlaoigh an chuideachta agus an stiúrthóir CGB agus tionóladh sin sa dara leith den bhliain 2005. Ag deireadh na bliana b'fheasach don Ard-Chúirt go raibh an CGB curtha ar atráth chun roinnt rudaí deireanacha a réiteach.

Níor chuir an OSFC aon chás eile go dtí Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí (SIP) le haghaidh cinnte i 2005. Rinneadh tagairt áfach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2004 do chomhad a cuireadh isteach a bhain le roinnt páirtithe a raibh amhras fúthu go raibh oibleagáidí éagsúla i leith dlí cuideachta á sárú acu. Chuir an SIP in iúl don OSFC i gcaitheamh na bliana go raibh cinneadh déanta aige gan imeachtaí a thionscnamh i gcoinne na daoine a rabhthas amhrasach fúthu.

Soláthraíonn na trí fhoroinn a leanas a bhaineann le trí réimsí ciona, tuilleadh sonraí faoi roinnt de na ceisteanna arna saothrú ag an Oifig sa bhliain 2005.

Fo-aidhm 3.2: Ag Seasamh le Riachtanais Nochta

Mar chúiteamh ar an bpríbhleáid a bhaineann le dliteanas teoranta ceanglaíonn Achtanna na gCuideachtaí ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí dá gcuid go gcoinneodh siad eolas suas-chun-dáta ar stádas agus ar fheidhmiú na cuideachta agus go mbeadh an t-eolas sin ar fáil ar bhonn tráthúil sa chaoi is go mbeadh na comhaltaí, na creidiúnaithe agus páirtithe leasmhara eile in ann a hionchais amach ansin a bhreithniú agus cinneadh feasach a dhéanamh ar an mbaol a bheadh ann dá leanfaí lena bheith bainteach leis an gcuideachta.

Loiceadh maidir le Leabhair Chuntas Chuí a Choinneáil³⁰

Is ceangal bunúsach d'Achtanna na gCuideachtaí taifead cuí de bhearta cuideachta a choinneáil. I go leor cásanna gabhann oibleagáid leis achoimre ar eolas airgeadais agus eile a chur ar fáil don OCC, sa chaoi is go mbeidh fáil ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal i goitinne ar an eolas. Mura mbeadh taifead déanta de gach beart ábhartha a rinne an chuideachta, mar shampla, d'fhéadfadh nach mbeadh leibhéal réadúil ioncaim agus dliteanais na cuideachta á thaispeáint sna leabhair, rud a chuirfeadh páirtithe leasmhara amú maidir lena fheidhmíocht ó thaobh airgeadais nó eile. Ina theannta sin nuair a théann cuideachta thar a hacmhainn,

d'fhéadfadh easpa eolas iomlán cuntasáochta bac a chur le cumas an leachtaitheora a chinntiú go nglanfar fiacha na cuideachta ar mhodh rialta de réir ord na dtosaíochta atá leagtha síos in Achtanna na gCuideachtaí. Luíonn sé le réasún go mbeidh méadú ar chostas agus ar éifeachtúlacht phróiseas an leachtaithe i gcúinsí dá leithéid.

Ós rud é gur bunilimint é den ghné sin de chuideachtaí teoranta a bhaineann le himscrúdú poiblí, thug an OSFC tosaíocht ar bhonn leanúnach i 2005 d'ionchúiseamh i leith sárúithe an cheangail seo arna mbrath. Baineadh amach ciontuithe i leith 20 cúiseamh a bhain le seacht gcuideachta agus 12 stiúrthóirí agus cuireadh naoi gcúiseamh breise san áireamh. Gearradh fineálacha de níos mó ná €11,000 ina iomláine.

I gcás eile a bhain le 29 gcúiseamh cuireadh an tAcht um Promhadh Ciontóirí i bhfeidhm i ndáil le seacht gcuideachta gaolmhara mar ar shíl an Chúirt na cúisimh a bheith cruthaithe.

Eolas Bréagach a Sholáthar³¹

Lean an OSFC le bheith dian ar aon chás a bhain le heolas falsa a sholáthar do scairshealbhóirí cuideachta i 2005.

Rinne an Tuarascáil seo tagairt cheana féin d'imeachtaí coiriúla a tionscnaíodh den chéad uair faoi alt 243 d'Acht na gCuideachtaí 1990. B'éard a bhí i gceist anseo úsáid doiciméid fhalsaithe a d'fhear ar mhaoín nó ar chúrsaí cuideachta nó a bhain leo. An doiciméad a bhfuil trácht air bhí sé in ainm a bheith ag déanamh ionadaíocht ar shraith ráitis airgeadais iniúchta don chuideachta agus taispeánadh do bhanc é chun athnuachan a dhéanamh ar iarratas ar chreidmheas. Bhí i gceist go n-éistfí leis an gcás sin de réir sceidil go luath i 2006.

D'ionchúisigh an Oifig dhá chás i 2005 freisin a bhain inter alia le soláthar eolais falsa de chineál ábhartha don OCC. Bhain an dá chás le ráitis airgeadais a chuir iniúchóirí neamhcháilithe isteach ach a raibh siad ag ligean orthu gur iniúchóirí cáilithe a rinneadh iniúchadh orthu. Baineadh amach ceithre chiontú i gcás amháin

agus sa dara chás chuir an Chúirt Dúiche trí chúis san áireamh le linn a bheith ag ciontú an té i gceist as a bheith ag gníomhú mar iniúchóir neamhcháilithe.

Loiceadh Duine a bhí Dícháilithe thar lear an Dícháiliú a nochtadh³²

Phléigh Tuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 an ceangal atá ar dhuine atá dícháilithe i ndlínse eile an dícháiliú sin a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí³³ nuair a cheaptar mar stiúrthóir ar chuideachta atá cláraithe in Éirinn é/í. Má theipeann ar dhuine é sin a dhéanamh meastar go bhfuil an té sin dícháilithe sa Stát. Agus má ghníomhaíonn an té sin mar stiúrthóir a fhad is atá sé/sí dícháilithe beidh sé/sí ciontach i gcion.

I 2005 thionscain an OSFC imeachtaí ionchúisimh i gcoinne duine ar measadh é a bheith dícháilithe mar gheall ar gur chlis air a dhícháiliú mar stiúrthóirí cuideachta sa Ríocht Aontaithe a nochtadh. Tá an cás i gceist chun éisteacht a fháil de réir sceidil go luath i 2006.

Fo-aidhm 3.3: Pionós a ghearradh ar Pháirtithe nach dtugann Aird ar Leasa Cuideachta nó ar Leasa nach iad

Tá go leor forálacha in Achtanna na gCuideachtaí a chuireann cosc nó srianadh ar shaoirse páirtithe leasmhara cuideachta i dtaca le gníomhú d'fhonn macántacht sa chaidreamh tráchtála a chosaint agus an baol a bhaineann le creidiúnaithe, le fostaithe, agus le hinfheisteoirí sna gcuideachtaí lena mbaineann a laghdú.

Féimhigh Neamhurscaoilte³⁴

Is cion é faoi dhlí cuideachta má fheidhmíonn féimhigh neamhurscaoilte i bpost freagrach i gcuideachta sa Stát gan chead a iarraidh agus a fháil ón Ard-Chúirt ar dtús leis sin a dhéanamh. Arís i 2005 d'aithin an Oifig daoine ag ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta sa dlínse seo ach a bhí fós ina bhféimhigh neamhurscaoilte i dTuaisceart na hÉireann. Rianaítear i Léiriú 3.3.1 cúisí cáis a cúisíodh le comhoibriú agus le taca an Northern Ireland Insolvency Service.

Léiriú 3.3.1: Ciontú beirt Fhéimheach Neamhurscaoilte

Cuireadh faoi bhráid an OSFC go raibh Conor agus Tony McGreevey, beirt ar dearbháidh gur féimhigh neamhurscaoilte iad i dTuaisceart na hÉireann i 2003 ag gníomhú mar stiúrthóirí ar Covert Inns Ltd., cuideachta a bhí cláraithe sa dlínse seo.

Dhearbhaigh fiosrú a chuireamar chuig an Northern Ireland Insolvency Service gur féimhigh neamhurscaoilte a bhí sa mbeirt. Is de bharr páirt a d'imir siad i gcuideachta dócmhainneach sa Tuaisceart a cuireadh na horduithe féimheachta orthu. Fuaireamar amach freisin gur chuir Glacadóir Oifigiúil na cuideachta faoi leachtú achainí rathúil chuig an Ard-Chúirt i mBéal Feirste chun an dara ordú a dhéanamh i gcás Tony McGreevey le cosc a chur air diúscairt uathoibríoch a fháil i leith na féimheachta tar éis trí bliana. D'ordaigh an t-ordú sin tréimhse na diúscairthe uathoibríoch a rith go dtí gur chloí sé leis an mbun ordú a chuir de cheangal air inter alia go gcomhoibredh sé leis an nGlacadóir Oifigiúil.

I mí na Samhna 2005, tugadh le fios don Chúirt Dúiche nach raibh Covert Inns Ltd. ag feidhmiú níos mó. I ndiaidh di an fhianaise a chloisteáil, chiontaigh an Chúirt an beirt

agus ghearr fineálacha orthu de €1,500 ina iomláine. Tá dícháilithe ar feadh tréimhse 5 bliana ag gabháil leis na ciontuithe seo i leith gach duine acu.

Cuireann an rath a bhí ar an gcás seo agus ar chás cosúil leis i 2004 treisiú le toil na n-údarás ar an dá thaobh den teorainn obair le chéile ar mhaithe le leas an phobail. Is é an bunús loighciúil príomha atá leis an gcosc a chuirtear ar féimhigh neamhurscaoilte i ndáil le gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta bac a chur orthu teacht timpeall ar an oibleagáid atá orthu cuntas a thabhairt i ngach airgead a fhaigheann siad isteach trí chuideachta teoranta le pearsantacht faoi leith a fhoirmiú agus a fheidhmiú. Tá an sainmhíniú leathan atá ar féimhigh neamhurscaoilte i dlí cuideachta Éireannach ceaptha freisin chun cinnte a dhéanamh de nach mbeidh daoine atá coiscthe ar chúiseanna bailí i leith ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta i ndlínse seachtrach in ann damáiste poitéinseal tráchtála a imirt ar phobal neamhamhrasach sa Stát trí ghnó a bhunú anseo. Dá réir sin taispeánann an cás seo na haidhmeanna luachmhara cosaint phobail a bhaineann lena leithéid seo d'fhoráil.

³⁰Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

³¹Alt 242 d'Acht na gCuideachtaí 1990, arna leasú ag alt 106 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

³²Alt 195 d'Acht na gCuideachtaí 1963, arna leasú ag alt 51 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 1990, alt 47 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh.2) 1999 agus alt 91 de Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

³³Ar ndóigh is é an fáth go gcuirtear fógra leis an OCC go mbeadh an pobal in ann teacht ar an eolas gur dícháilíodh stiúrthóirí cheana féin in áit eile sa chaoi is gur féidir leo an baol tráchtála a bheadh ann dá leanfadh siad ag déileáil leis an gcuideachta a mheas.

³⁴Alt 183 d'Acht na gCuideachtaí 1963, arna leasú ag alt 169 d'Acht na gCuideachtaí, 1990.

Daoine Srianta ag gníomhú de shárú ar na Coinníollacha Reachtúla³⁵

Anois agus ordú srianta ar 600 duine tá an Oifig ag díriú a haird i dtreo cúinsí áirithe a n-aithnítear an chosúlacht orthu go bhfuil daoine atá srianta ag an Ard-Chúirt ag gníomhú de shárú ar théarmaí an srianta. I 2005 baineadh amach ciontuithe i leith 15 chúiseamh a d'fhear ar seisear dhuine; gearradh fíneálacha de nach mór €18,000. Cuireadh ordú dícháilithe ar gach duine ar feadh tréimhsí ó thrí go cúig bliana. I gceann amháin

de na cásanna a raibh achomhairc á dhéanamh faoi ag deireadh na bliana gearradh téarma príosúin ar feadh sé mhí curtha ar fionraí ar feadh dhá bhliain maille le fíneáil.

Bhain roinnt de na cásanna a fiosaíodh le stiúrtóirí srianta a lean ag gníomhú i gcuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta. Míníonn Léiriú 3.3.2 go bhfuil cosc ar dhuine srianta gníomhú mar stiúrtóir ina leithéid sin de chuideachta a fhad is atá sé/sí srianta.

Léiriú 3.3.2: Cosc ar Dhuine Srianta gníomhú mar Stiúrtóir ar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

Foráiltear in alt 150(3) d'Acht na gCuideachtaí 1990 go bhfuil cosc ar dhuine srianta gníomhú mar stiúrtóir i gcuideachta mura gcomhlíonann sí ceangail chaipitil áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, teastaíonn íosmhéid scairchaipitil ghlaite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin caithfear an scairchaipiteal glaoite a íoc ina iomláine in airgead tirim.

Is é atá i gceist le cuideachta faoi theorainn ráthaíochta cuideachta nach bhfuil in ann na coinníollacha thuas a shásamh agus leanann sé as sin de réir loighce nach bhfuil sé ceadaithe do dhuine srianta gníomhú mar oifigeach cuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar feadh an tsrianta.

Is gnách go mbíonn cuideachtaí dá leithéid bainteach le gníomhaíochtaí neamhbhreabúsacha, carthanais agus pobail.

I roinnt cásanna le deireanas, dhearbhaigh an Chúirt Dúiche go raibh duine srianta ag sárú téarmaí an tsrianta trí ghníomhú mar stiúrtóir ar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Dá réir sin ba chóir do dhaoine srianta éirí as ról tábhachtach in aon cuideachta ráthaíochta ó dháta an tsrianta le hAchtanna na gCuideachtaí a chomhlíonadh. Is cion indíotáilte má loictear é sin a dhéanamh agus má chiontaítear an duine meastar go ginearálta é/í bheith dícháilithe ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an chiontaithe.

Bhí imeachtaí breise i leith cásanna ina raibh amhras faoi chion sa réimse seo fós ar siúl ag deireadh na bliana agus tá an Oifig i gcónaí ar an airdeall i dtaobh cásanna cosúil leo ina bhfuil daoine ag gníomhú de shárú ar théarmaí an tsrianta atá orthu.

Ag Gníomhú mar Iniúcháir gan bheith Cáilithe nó le linn a bheith Dícháilithe³⁶

Faoi Achtanna na gCuideachtaí níl sé ceadaithe ach do dhaoine a bhfuil teastas agus cáilithe cuí bainte amach acu gníomhú mar iniúcháirí. I 2005 bhain an OSFC

ciontuithe amach i leith ocht gcinn de chúiseanna i gcoinne triúr dhuine a ghníomhaigh mar iniúcháirí a fhad is nach raibh siad cáilithe. Cuireadh 13 chúis bhreise san áireamh sna trí chás i gceist. Tréith d'fhormhór na gcásanna sin gur réasúnta an rud é bheith ag siúl leis go mbeadh na daoine i gceist eolach faoi chineál forchoimeáda fheidhm na hiniúcháireachta.

Cuireann na hAchtanna cosc freisin ar iniúcháir cáilithe gníomhú i gcuideachta a bhfuil cónasc gnó nó muinteartha aige/aici léi. Tá sraith d'imeachtaí sa réimse sin ar na bioráin ag an OSFC ag deireadh na bliana.

³⁵Alt 161 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

³⁶Alt 187 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Ag Gníomhú mar Leachtaitheoir le linn bheith Dícháilithe³⁷

Tá srianta dlí cosúil leis sin i bhfeidhm i ndáil le leachtaitheoir a gníomhaíonn mar leachtaitheoir i gcuideachta a bhfuil cónasc gnó nó muinteartha aige/aici léi. Cuirtear an srianadh seo i bhfeidhm chun neamhspleáchas agus macántacht an phróisis leachtaithe a dhaingniú. Bhí ionchúiseamh OSFC i gcoinne leachtaitheoir i gcuideachta a raibh amhras faoi go raibh sé dícháilithe le bheith ag gníomhú sa chuideachta sin fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Bearta Iomarcacha Stiúrtóirí³⁸

Phléigh an chuid den Tuarascáil seo a chuaigh roimhe an líon mór cásanna dá leithéid atáthar a iniúchadh san OSFC. Is i bhfíorbheagán de na cásanna sin a thagann dóthain fianaise chun cinn le cuimhneamh ar ionchúiseamh coiriúil. I 2005 chuaigh an tAcht um Promhadh Ciontóirí chun sochar stiúrtóirí cuideachta; mheas an Chúirt go raibh na sé chúis cruthaithe. Bhí cás amháin breise fós os comhair na Cúirte ag deireadh na bliana agus tá siúl leis go dtionscnófar roinnt bheag cásanna eile sa réimse sin i 2006.

Fo-aidhm 3.4: Caingean Dlí a thionscnamh i gcoinne Páirtithe a Dhiúltaíonn Freagracht faoin Dlí

Déanann an Stiúrtóir iniúchadh bríomhar ar aon chás a bhfuil an cosúlacht ann go bhfuil cuideachta nó oifigeach cuideachta go buanseasta ag déanamh rud atá in aghaidh an dlí.

Teip Leanúnach Dlí Cuideachta a Chomhlíonadh agus Ceangail Eile

I 2005 bhain an Stiúrtóir deich gcinn d'orduithe dícháilithe amach san Ard-Chúirt faoi alt 160(2)(h) d'Acht na gCuideachtaí 1990 i gcoinne daoine ar stiúrtóirí iad agus a thréigh cuideachtaí a bhí i bhfiacha, ar theip orthu i leith oibleagáidí reachtúla tuairisceán bliantúil a chlárú agus a lig do na cuideachtaí bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí. Déanann Léiriú 4.3.1 sa chuid a leanas achoimriú ar bhunghnéithe

bhreithiúnas tábhachtach na hArd-Chúirte i roinnt de na cásanna sin.

I gcásanna fiacha corparáideacha fóirsteanacha bíonn an Stiúrtóir díocasach i gcónaí ag dul sa tóir ar pháirtithe a bhíonn ag iarraidh a bhfreagracht maidir le mí-iompar a sheachaint trí gan iniúcháir a cheapadh.

Loiceadh Leachtaitheora Imeachtaí Srianta a thionscnamh i gcoinne Stiúrtóirí Cuideachta faoi Leachtú³⁹

Ag leanúint as an rath a bhí ar obair an OSFC i 2004 nuair a baineadh roinnt orduithe amach i gcoinne leachtaitheoirí ag cur iallach orthu oibleagáidí maidir le tuairisciú don Oifig a chomhlíonadh lean an Stiúrtóir le bheith gníomhach i mbun faireachán sa réimse seo agus thionscain caingean chúirte nuair a rinne aon leachtaitheoir mainneachtain. Den chéad uair i 2005 ba shoiléir gur theip ar leachtaitheoir iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt chun srianadh a chur ar stiúrtóirí cuideachta faoi leachtú, in ainneoin an oibleagáid a bhí air é/í sin a dhéanamh. Nuair nár éirigh le cumarsáid an OSFC an riachtanas an mhainneachtain sin a cheartú a áitiú ar an leachtaitheoir mheas an Stiúrtóir gur ghá dó imeachtaí dlí a thionscain faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963 chun iallach a chur ar an leachtaitheoir é sin a dhéanamh agus an dara tuairisc faoi alt 56 a chlárú leis an OSFC. Sna sála air sin thug an Ard-Chúirt an t-ordú a bhí iarrtha don Stiúrtóir .

Conclúid

Chinntigh 2005 forbairt leanúnach ar ghníomhaíocht forfheidhmithe an OSFC maille le fócas nua ar ghníomhaíochtaí forfheidhmithe shibhialta. Baineann roinnt mhaith sobhlúbthachta le cumas na hOifige freagairt do mhí-iompar nochta ar bhun riaracháin nó trí imeachtaí forfheidhmithe shibhialta nó choiriúla. Láidreacht atá ag an Oifig sa chás go mbíonn an t-ardchaighdeán cruthúnais a theastaíonn le haghaidh imeachtaí coiriúla easnamhach, féadfaidh an rogha maidir le himeachtaí sibhialta a bheith fós ar fáil chun pionós a ghearradh i leith mí-iompair agus chun cosc a chur leis. Ar mhaithe le feabhas leanúnach ó thaobh iompar margaidh a chur i ngníomh agus leis an mbaol trádála do thionscadail corparáideacha a laghdú, beidh an OSFC ag lorg go seasta i 2006 cothromaíocht fabhrach idir gníomhaíochtaí riaracháin agus dlíthiúil dá cuid agus idir na roghanna forfheidhmithe shibhialta agus forfheidhmithe choiriúil atá aici.

³⁷Alt 300A d'Acht na gCuideachtaí 1963, arna leasú ag alt 146 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

³⁸Alt 40 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

³⁹Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

Aidhm 4 - Pionós a Ghearradh i leith Iompar Míchuí i dtaca le Cuideachtaí Dócmhainneacha

Réamhrá

De bharr na hiarmhairtí mífhabaracha do thríú páirtí a eascraíonn as loiceadh tionscadal eacnamúla nó sóisialta, cuirtear san áireamh gné an leasa phoiblí nuair a aithnítear an méid is gur toradh ar iompair chorparáidigh mídhleathach nó mífhreagrach feiniméan cuideachtaí dócmhainneacha. Tá roinnt forálacha in Achtanna na gCuideachtaí anois a chinnteoidh go bhféadfar iompar dá leithéid a thabhairt chun solais agus aghaidh a thabhairt air.

I 2005 bhí obair an OSFC sa réimse seo go seasta dírithe ar:

- cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú agus
- cuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe nó díscailte.

Treochtaí Leachtaithe

Taispeánann an tábla a leanas líon na leachtuithe a cuireadh in iúl don OCC le blianta beaga anuas.

Leachtuithe	2001	2002	2003	2004	2005
Creidiúnaithe	415	378	346	321	300
Cúirt	24	34	31	40	49
Comhaltaí	589	720	941	827	868
Iomlán	1,028	1,132	1,318	1,118	1,217

Tharraing Tuarascálacha Bliantúla an OSFC ó bhlianta roimhe seo aird ar an laghdú le blianta beaga anuas ar líon na gcuideachtaí dócmhainneacha a chuaigh faoi leachtú agus léiríonn an titim de 21% idir 2005 agus 2001 go bhfuil an figiúr comhcheangailte 349 don bhliain 2005 i ndáil le leachtuithe cúirte agus leachtuithe deonacha creidiúnaithe ag leanúint an treocht dheireanach seo. Maidir leis an laghdú seo i leachtuithe dócmhainneacha is fritháireamh go pointe áirithe an t-ardú de 47% i líon na gcuideachtaí sócmhainneacha a ndearnadh leachtú orthu idir 2001 agus 2005.

Is léir gur forbairt í a gcuirtear fáilte roimpi go bhfuil roinnt mhaith páirtithe leasmhara i gcuideachtaí ag fáil láníocaíocht ar dhliteanais amuigh ó 2002 i leith nuair a tháinig an córas dócmhainneachta san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 i bhfeidhm. Is aidhm leanúnach go gcoinneofaí comhtháthú agus inchreidteacht an chreata nua i dtaca le hiompair corparáidigh. Tá an OSFC leagtha amach ar imghabháil freagrachta i réimse cuideachtaí dócmhainneacha a laghdú agus tá an Oifig dá réir ag coinneáil súil ghéar ar fhorbairtí ar bhonn leanúnach.

Cuideachtaí Dócmhainneacha faoi Leachtú de réir Earnála Eacnamúla

Soláthraíonn **Aguisín 4.1** briseadh síos de réir earnála eacnamúla ar chuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú trí thagairt a dhéanamh do na céad tuarascálacha a fuarthas ó leachtaitheoirí sa bhliain 2005. Bhí na hearnálacha mórdhiól agus miondiól, déantúsaíochta agus tógála i gcónaí i measc na gcuideachtaí ba shuntasai a bhí faoi leachtú dócmhainneach.

Cuideachtaí Dócmhainneacha Neamhleachtaithe nó Díscailte

Níl aon fhigiúirí ann a bhfuil údarás leo a léiríonn iomlán na gcuideachtaí dócmhainneacha neamhleachtaithe agus díscailte. Mar shampla d'fhéadfadh sé go bhfuil na céadta cuideachtaí dócmhainneacha ag aon am amháin ar Chlár na gCuideachtaí atá éirithe as a bheith ag trádáil agus nach bhfuil curtha faoi leachtú. Bainfear roinnt mhaith díobh den Chlár áfach ar deireadh thiar.

Tá figiúirí le fáil ón OCC le haghaidh líon na gcuideachtaí díscailte ach cuimsíonn siad idir chuideachtaí sócmhainneacha agus chuideachtaí dócmhainneacha. Na fainicí sin curtha san áireamh, coimríonn an Tábla a leanas líon na gcuideachta ar baineadh den Chlár iad sna blianta 2001 go 2005.

Eurofood IFSC Teoranta (Faoi Leachtú)

Phléigh Tuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 le cás Eurofood IFSC Teoranta (Faoi Leachtú) agus ós rud é go raibh tábhacht ag baint le roinnt saincheisteanna i ndáil le dlí dócmhainneach na hÉireann agus an AE chuir an Cúirt Uachtarach faoi bhráid an Supreme Court to the European Court of Justice (ECJ) iad. Ghlac an Oifig páirt san éisteacht ECJ i 2005 agus an 27 Meán Fómhair 2005 d'eisigh Abhchóid Ghinearálta Jacobs a Thuairim⁴⁰ i gcás a thug taca go ginearálta le seasamh an Stiúrthóra gur chóir Eurofood a chur faoi leachtú i gcomhréir le dlí na hÉireann. Bhíothas ag feitheamh ar bhreithiúnas an ECJ ag deireadh na bliana.

Cineál na Cuideachta Díscailte	2001	2002	2003	2004	2005
'Baint de - OCC' ⁴¹	1,430	-	14,836	1,401	9,514
'Baint de - Coimisinéirí Ioncaim' ⁴²	5,649	2,766	-	1,599	794
'Bainte go Deonach' ⁴¹	-	3,125	5,483	3,595	3,316
Iomlán	7,079	5,891	20,319	6,595	13,624

Fo-aidhm 4.1: Maoirsiú a Dhéanamh ar Leachtaitheoirí agus iad i mbun a nDualgas Cuí

Tuairisciú Leachtaitheora faoi Alt 56

Ó 2002 i leith tá ceangal de réir dlí ar leachtaitheoir cuideachtaí atá faoi leachtú dócmhainneach tuairisc a chur chuig an OSFC⁴³ maidir le forléasadh na cuideachta agus le hiompar aon duine ar stiúrthóir é sa chuideachta sna 12 mhí sular cuireadh faoi leachtú í. Ina theannta sin caithfidh an leachtaitheoir dul chuig an Ard-Chúirt le hordú srianta a iarraidh i leith gach ceann de na stiúrthóirí mura bhfuil scaoileadh ón oibleagáid sin faighte aige/aici ón OSFC. Measann an Oifig go bhfuil gá le scaoileadh nuair a chuireann an leachtaitheoir cosaint loighciúil faoina bráid a thacaíonn le dearbhú gur ghníomhaigh an stiúrthóir go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh aige/aici.

Tá próiseas tuairiscithe leachtaitheora agus an scóip atá aige léirithe go mion in dhá fhoilseachán de chuid an OSFC, Fógra Cinnidh D/2002/3 mar atá sé forlonta ag Fógra Cinnidh D/2003/1. Ullmhaíodh na foilseacháin sin i ndiaidh próiseas poiblí comhairliúcháin agus tá siad ar fáil ag suíomh idirlín an OSFC ag www.odce.ie/publications/decision.asp.

Soláthraíonn **Aguisín 4.1.1** eolas staitistiúil faoi mhéid an tuairisciú leachtaitheora i 2005. Fuarthas 1,009

dtuarascáil leachtaitheora (992 in 2004). Díobh siúd ba thuarascálacha tosaigh⁴⁴ 327 (362 in 2004) ó 102 leachtaitheoir agus an chuid eile díobh 682 (630 in 2004) ba thuarascálacha breise⁴⁵ nó deiridh⁴⁶ iad faoi leachtuithe cuideachta.

Thaispeáin an ráta géilliúntais i leith tuarascálacha tosaigh leachtaitheoirí ar tugadh ar airde go tráthúil iad laghdú go 95% i 2005 i gcomparáid le 97% i 2004. Rinne an Oifig faireachán freisin ar chur isteach tuarascálacha leachtaitheora breise agus deiridh. I dtaca le tuarascálacha uile i 2005 bhí údar ag an Oifig dul i mbun cumarsáide foirmeálta le leachtaitheoirí 64 uair (81 i 2004) lena chur ar a súile díobh go raibh mainneachtain á dhéanamh acu maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe reachtúla.

Chuaigh an Oifig i mbun cumarsáide le leachtaitheoirí 23 uair i 2005 (52 i 2004) i ndáil lena loiceadh a chur in iúl di go ndearnadh iarratais ar shrianta i gcásanna nár dámhadh scaoileadh. Tugadh foláireamh foirmeálta do bheirt leachtaitheoir (ceathrar i 2004) i gcaitheamh na bliana go dtionscnófaí imeachtaí dlí ina gcoinne dá leanfaidís lena loiceadh na hiarratais riachtanacha ar shrianta a chur isteach. I gcás amháin bhain an OSFC ordú amach faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963 a chuir inter alia iallach den chéad uair ar leachtaitheoir imeachtaí srianta a thionscnamh.

Bhí caighdeán na tuarascálacha leachtaitheora a fuarthas sásúil den chuid is mó i 2005. Déantar athbhreithniú ar an réimse seo go leanúnach chun éifeachtúlacht tuairiscithe leachtaitheora a choinneáil mar is cóir.

⁴⁰Tá cóip de Thuairim Abhchóide Ginearálta Jacobs sa chás Eurofood ar fáil ag <http://europa.eu.int/eur-lex/lex/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:62004C0341:EN:HTML>

⁴¹Alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú) agus alt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 (arna leasú).

⁴²Alt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

⁴³Alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.

⁴⁴Is éard is tuarascáil tosaigh ann an chéad tuarascáil a fhaightear ó leachtaitheoir taobh istigh de sé mhí ón uair a cheaptha agus i bhformhór na gcásanna is ar bhonn na tuarascála sin a dhéantar cinneadh faoi dhámhachtain scaoilte. I roinnt cásanna dámhtar 'scaoileadh ag an am seo' leis an mbealach a réiteach don leachtaitheoir chun tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh.

⁴⁵Faighítear tuarascáil breise ó leachtaitheoir de ghnáth sé mhí ina dhiaidh do 'scaoileadh ag an am seo' a bheith dáfa agus dhá mhí dhéag ina dhiaidh mura bhfuil cinneadh déanta scaoileadh a dhámhachtain. Is ar an mbealach sin a dhéanann an OSFC faireachán ar dhul chun cinn i ndáil le leachtú dócmhainneach. Os rud é gur ar bhonn na tuarascála tosaigh a bheadh an bunchinneadh déanta maidir le scaoileadh ón oibleagáid imeachtaí i leith srianta a dhámhachtain do leachtaitheoir bainfidh formhór na gcinntí maidir le tuarascálacha breise le 'scaoileadh'. Eisceacht maidir leis sin is ea nuair a dámhadh 'scaoileadh ag an am seo' níos luaithe chun é a dhéanamh níos éasca don leachtaitheoir breis fiosrúcháin a dhéanamh.

⁴⁶Faighítear tuarascáil deiridh ó leachtaitheoir ceithre seachtaine roimh chruinnithe deireanacha nó roimh díscailte deireanach más leachtú Cúirte atá sa leachtú. Seod é an cleachtas faireacháin dheiridh don OSFC sula díscailtear cuideachta dócmhainneach.

Ceistanna eile maidir le Leachtaitheoir agus Glacadóir

Thuiriscigh dhá leachtaitheoir don OSFC i 2005 i dtaca le trí chuideachta faoi alt 299 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna leasú). Ní dharna aon ghlacadóir aon tuarascáil faoi alt 299. I tuarascálacha den chineál sin má dhéantar iad tá an tuairim le baint astu gur féidir go bhfuil cion coiriúil déanta i ndáil leis an gcuideachta ag oifigeach atá ag feidhmiú anois ann nó a bhí ag feidhmiú nó ag comhalta dá cuid.

Ní fuair an OSFC aon tuarascáil i 2005 ó chomhlachtaí gairmiúla forordaithe maidir le hamhras faoi mhí-iompar leachtaitheora nó glacadóra de bhun alt 58 d'Acht na bliana 2001.

Ní dheachaigh an OSFC sa tóir ar leabhair nó ar dhoiciméid leachtaitheora⁴⁷ nó glacadóra⁴⁸ i 2005.

Fo-aidhm 4.2: Measúnú ar Iompar Stiúrthóirí i gCúinsí Leachtaithe Dhócmhainnigh

D'eisigh an OSFC cinntí i gcás 942 tuarascálacha leachtaitheora (1,084 i 2004) ar thuarascálacha tosaigh ó leachtaitheoirí 317 acu (529 in 2004). An chúis phríomha leis an titim sa mhéid tuarascálacha tosaigh cinntithe gur chuimsigh figiúr na bliana 2004 níos mó ná leachtuithe aon bhliain amháin⁴⁹.

Cinntí OSFC i leith Scaoilte

Maidir leis na 317 tuarascálacha tosaigh a cinntíodh is mar seo a leanas a bhí na cinntí i leith scaoilte i 2005 (i gcomórtas le 2004):

Cineál an Chinnte	2004	%	2005	%
Scaoileadh iomlán ⁵⁰	357	67%	194	61%
Gan scaoileadh ⁵¹	93	18%	49	16%
Scaoileadh 'ag an am seo' ⁵²	53	10%	58	18%
Páirtscaoileadh ⁵³	21	4%	13	4%
Cinntí eile	5	1%	3	1%
Iomlán	529	100%	317	100%

Go ginearálta tá na figiúirí atá curtha in iúl comhsheasmhach le torthaí na bliana 2004. Maidir leis an titim beag i líon na gcásanna 'gan scaoileadh' (ó 18% go 16% idir 2004 agus 2005 faoi seach) agus 'scaoileadh iomlán' (ó 67% go 61%) chuir an méadú ar chinntí 'scaoileadh ag an am seo' (ó 10% go 18%) cothrom sa mheá. Léiríonn sin go príomha go raibh méadú ar líon na n-iarratas ó leachtaitheoirí ar am breise chun críoch a chur le hiniúchadh chúrsaí na cuideachta.

I ndáil leis na tuarascálacha seo faoi iompar stiúrthóirí, is cás don OSFC go sonrach a chinntí nach gcuirtear bac leis an spiorad fiontrach trí éisteach Ard-Chúirte agus an cur isteach a tharraingíonn sí a bhualadh anuas gan ghá ar dhaoine a thaispeáin go soiléir go raibh siad ionraic agus freagrach agus iad ag stiúradh cuideachtaí a loic, cé gur tharla cailteanas de bharr an loicthe. Ar an lámh eile tá an Oifig meáite ar a chinntí go ndéanfaidh leachtaitheoirí fiosrúchán cuí sa chás go bhfuil amhras faoi mhí-iompar nó faoi mhífhreagracht agus go ndéanfar moladh fóirsteanach i ngach cás i leith scaoilte.

Ní hionann cinntí 'gan scaoileadh' nó cinntí 'páirtscaoilte' de chuid an OSFC agus cinneadh i leith macántachta nó freagrachta na stiúrthóirí lena mbaineann agus níor chóir go mbainfí a leithéid sin de thátal nó de chiall astu. Is faoin Ard-Chúirt (tar éis di éisteach le fianaise

⁴⁷Faoi alt 57 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001.

⁴⁸Faoi alt 323A d'Acht na gCuideachtaí 1963 (arna chur isteach ag alt 53 d'Acht na bliana 2001).

⁴⁹Bhí tuarascálacha faoi leachtuithe a tionscnaíodh i 2003/2004 cuimsithe i bhfigiúr na bliana 2004 agus chomh maith leis sin chuimsigh an figiúr tuarascálacha tosaigh leachtaitheora ar cuireadh tús leo sa tréimhse 1 Eanáir 2000 go 30 Meitheamh 2001 nár mhór a bheith cláraithe faoi cheann 30 Samhain 2003 de bhun an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 (Forálacha Dócmhainneacha agus Foirceanta) (Tosach Feidhme) (I.R. Uimh. 217 ó 2003).

⁵⁰Dámhadh scaoileadh iomlán nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag stiúrthóirí uile na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

⁵¹Níor dámhadh scaoileadh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, nach raibh sé taispeánta ar bhealach sásúil ag aon cheann de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu.

⁵²Dámhadh scaoileadh 'ag an am seo' i gcásanna ina raibh an OSFC sásta gur theastaigh tuilleadh ama ón leachtaitheoir chun na cúinsí ba chúis le forléasadh na cuideachta a fhiosrú mar ba chúí. Cuireann an OSFC ceangal ar leachtaitheoirí den chineál sin an dara tuarascáil a chur isteach; déantar cinneadh nua maidir le scaoileadh ina dhiaidh sin.

⁵³Dámhadh páirtscaoileadh nuair a bhí an OSFC sásta, bunaithe ar eolas a chuir an leachtaitheoir ar fáil nó ar chúis éigin eile, go raibh sé taispeánta ag roinnt de stiúrthóirí na cuideachta dócmhainn gur ghníomhaigh siad go macánta agus go freagrach agus cúrsaí na cuideachta á stiúradh acu ach go raibh stiúrthóirí eile nár thaispeáin sin.

Léiriú 4.2.1: Cuideachtaí Dócmhainneacha: Dícháilithe Leachtaitheora i 2005

I gcás amháin ghearr an Ard-Chúirt téarma dícháilíochta ar phríomhstiúrthóir na cuideachta. Gearradh téarma dícháilíochta cúig bliana ar an dara stiúrthóir cuideachta liostáilte. Dhealraigh sé gurb iad na príomhchúiseanna leis an dícháiliú gan chomhoibriú leis an leachtaitheoir agus íocaí de €200,000 don phríomhstiúrthóir tráth a bhí an chuideachta dócmhainneach. Gné shuimiúil den chás gur mheas an Ard-Chúirt gur údar dóthanach ghníomhaíochtaí an phríomhstiúrthóra chun dícháiliú a ghearradh air agus treisíodh an t-iarratas ina gcoinne sa chaoi is gur ordú dícháilíochta a iarradh seachas ordú srianta.

I gcás eile ghearr an Ard-Chúirt téarma dícháilíochta deich mbliana ar an bpríomhstiúrthóir .i. an t-aon stiúrthóir cuideachta a bhí fanta. Dhealraigh sé gurb iad na príomhchúiseanna leis an dícháiliú gan chomhoibriú a dhéanamh leis an leachtaitheoir, seiceanna a scríobh ach gan a n-onórú agus íocaí de níos mó ná €110,000 don phríomhstiúrthóir ar íocadh cuid acu tráth a bhí an chuideachta dócmhainneach. Ina theannta sin níor chláraigh an chuideachta cuntais riamh agus bhí sí bainte de Chlár na gCuideachtaí ag an OCC. Rinneadh na Coimisinéirí loncaim achainí le go gcuirfí ar ais ar Chlár na gCuideachtaí i agus go ndéanfaí foirceannadh uirthi ina dhiaidh sin ag éirí as dlíteanais chánach de níos mó ná €87,000.

I gcás eile ghearr an Ard-Chúirt téarma dícháilíochta deich mbliana ar dhuine a fuarthas amach gur stiúrthóir cuideachta de facto a bhí ann. Gearradh ordú srianta ar feadh cúig bliana ar stiúrthóir cuideachta liostáilte eile. Bhí easnamh de bhreis ar €900,000 ag an gcuideachta (lena n-áirítear €865,000 a bhí dlite do na Coimisinéirí loncaim) agus bhí trádáil déanta aici ar feadh tréimhsí fada nuair a bhí sí dócmhainneach. Bhí iasachtaí substainteacha faighte ag na stiúrthóirí ón gcuideachta, bhí fiacha na cuideachta

aistrithe acu go míchuí go cuideachta nua agus bhí leabhair agus taifid uireasacha coinnithe acu le linn bheith dócmhainneach.

Go leithleach gearradh téarma dícháilíochta deich mbliana ar stiúrthóir cuideachta a bhain mí-úsáid as maoiniú cuideachta dá leas pearsanta féin. An am ar cuireadh faoi leachtú í b'amhlaidh go raibh dlíteanas de bhreis ar €1 milliún ag an gcuideachta lena n-áirítear dlíteanas i leith na Coimisinéirí loncaim de níos mó ná €500,000. Chiollaigh an easpa leabhair agus taifid chuí nach raibh an chuideachta riamh in ann a staid fírinneach ó thaobh airgeadais a fháil amach.

Gearradh téarma dícháilíochta seacht mbliana freisin ar stiúrthóir cuideachta a fuarthas amach go ndearna sé sonraisc cheannacháin falsa de bhreis ar €330,000 i leabhair agus i dtaifid na cuideachta. Bhí téarma trí mhí príosúnachta gearrtha air cheana de bharr cionta Cánach. Gearradh téarma dícháilíochta cúig bliana ar an dara stiúrthóir cuideachta liostáilte.

Gearradh téarma dícháilíochta ar feadh cúig bliana ar stiúrthóir cuideachta a dhóigh leabhair agus taifid na cuideachta oíche an lá deireadh trádála di. Bhí achainí déanta ag na Coimisinéirí loncaim a raibh gar do €100,000 dlite dóibh go ndéanfaí forcheannadh ar an gcuideachta. Gearradh téarma dícháilíochta cúig bliana ar an dara stiúrthóir cuideachta liostáilte.

Gearradh téarma dícháilíochta cúig bliana freisin ar stiúrthóir cuideachta i gcás inarbh é chaipitliú neamhdhóthanach ba chúis leis an dócmhainneacht agus inar ceileadh na cailteanais trí róluacháil stoc. €2 milliún a measadh i ndáil le creidiúnaithe gan urrús agus suim bhreise de €187,000 dlite do na Coimisinéirí loncaim.

an leachtaitheora agus le mínte stiúrthóirí cuideachta) cinneadh a dhéanamh faoinar gá dearbhú i leith srianta a dhéanamh i gcás stiúrthóir cuideachta sonraí ar bith.

Tá liostaí iomlána de na cuideachtaí ar lámhadh scaoileadh iomlán nó scaoileadh ag an am seo dóibh sa bhliain 2004 ar fáil i bhFógra Eolais Uimh. I/2006/1 ar shuíomh idirlín an OSFC ag www.odce.ie.

Lorg Cinntí Cúirte faoi Iarratais Srianta a Leanúint

I gcaitheamh na bliana 2005 rinne an Ard-Chúirt cinneadh i 102 chás nach ndearna an OSFC cinneadh roimhe sin i leith scaoilte nó páirtscailte; bhí na cásanna eile ar feitheamh os comhair na Cúirte nó fós le bheith tionscanta. Maidir leis na gcásanna ar éisteadh leo chuir an Ard-Chúirt ordú srianta nó dícháilte ar dhuine amháin nó níos mó de na stiúrthóirí i 88 gcás .i. 86% den iomlán. Ní dhearnadh aon ordú srianta i leith na 14 chás eile .i. 14% den iomlán.

I dtéarmaí a bhaineann le stiúrthóirí aonarach cuireadh ordú srianta⁵⁴ ar 135 stiúrthóir, dícháilíodh⁵⁵ cúigear stiúrthóir agus cuireadh ordú srianta agus dícháilte ar dhá stiúrthóir. Is é sin 74% de na 192 stiúrthóir a bhí ina n-ábhar imeachtaí srianta nó dícháilte. Ní dhearnadh ordú srianta i leith na 50 stiúrthóir eile.

Fáiltíonn an Stiúrthóir roimh na himeachtaí i leith dícháilíochta a thionscain roinnt leachtaitheoirí i 2005 i gcoinne stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha toisc go raibh call le pionós níos déine ná srianadh mar gheall ar chineál an mhí-iompair a bhí léirithe. Tá súil ag an Stiúrthóir go dtionscánófar a mhacasamhail de chásanna i 2006 agus níos faide ar aghaidh. Tugann Léiriú 4.2.1 a ghabhann leis seo níos mó eolais faoi na cásanna seo.

Chomh maith leis na 137 ndaoine ar cuireadh srianadh orthu mar thoradh ar imeachtaí de bhun alt 56 chuir an Ard-Chúirt srianadh ar ochtar nduine breise in imeachtaí nár bhain leo siúd. Cé gur cuireadh srianadh ar 145 dhuine nua i 2005 ba é 113 an méadú glan ar Chlár na nDaoine Srianta de chuid an OCC de bhrí gur baineadh de i 2005 na daoine ar cuireadh srianadh orthu i 2000 nuair a tháinig deireadh lena dtéarma srianta. Léiritear sa tábla a leanas an méadú glan i líon na ndaoine srianta ó dheireadh na bliana 2002.

⁵⁴Sa chás go bhfuil duine aonair srianta, is féidir leis/léi gníomhú mar stiúrthóir nó mar rúnaí ar chuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana ina dhiaidh sin ar an aon choinníoll amháin go dtagann an chuideachta sin le riachtanais chaipitilte íosta áirithe. I gcás cuideachta príobháidí, teastaíonn íosmhéid scairchaipitil ghlaoite de €63,487. I gcás cuideachta poiblí teoranta is é €317,435 an figiúr comhfhreagrach. Chomh maith leis sin caithfear an scairchaipiteal glaoite a íoc ina iomláine in airgead tirim. Ceadaíonn ordú srianta do dhaoine leanúint ag baint leas as dliteanas teoranta. Má sháraíonn duine srianta na coinníollacha caipitilte áfach, d'fhéadfadh sé/sí bheith ciontaithe i gcoinne indíotáilte, d'fhéadfadh fineáil bheith gearrtha air/uirthi agus é/í a bheith dícháilte ar feadh cúig bliana.

⁵⁵Más í an Ard-Chúirt a dhícháilíonn duine coisctear an té sin ar bheith ceaptha nó ar ghníomhú mar iniúchóir, stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir agus ar bheith bainteach ar bhealach ar bith bíodh sé go díreach nó go hindíreach le cur chun cinn, le foirmiú nó le bainistíocht aon chuideachta nó aon chumainn atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair. Duine atá dícháilte agus a sháraíonn ordú Cúirte dlífeair é a chiontú agus a dhícháilíú ar feadh deich mbliana.

⁵⁶Alt 152 d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Líon na Stiúrthóirí a raibh stádas srianta orthu ó dheireadh 2002 go 2005			
Deireadh 2002	Deireadh 2003	Deireadh 2004	Deireadh 2005
54	295	487	600

Coinníonn Cláraitheoir na gCuideachtaí cláir suas chun dáta de dhaoine srianta agus dícháilte agus tá áis chuardaigh phoiblí le haghaidh na gclár sin ar fáil ag www.cro.ie.

Maidir le himeachtaí i leith srianta ar cuireadh críoch leo os comhair na hArd-Chúirte i 2005 léiríonn Aguisín 4.2.1 den Tuarascáil seo an toradh a bhí ar chásanna inar ordáíodh srianadh agus tugann ainmneacha na ndaoine i gceist.

Léiríonn Aguisín 4.2.2 den Tuarascáil seo an toradh a bhí ar chásanna inar baineadh amach orduithe dícháilíochta ar iarratas leachtaitheora ag éirí as próiseas alt 56. Ainmníonn an tAguisín freisin na daoine i gceist.

Ainmníonn Aguisín 4.2.3 den Tuarascáil seo na cuideachtaí ar chinn an Ard-Chúirte ina leith i 2005 nár cheart srianadh a chur ar aon cheann dá stiúrthóirí.

Scaoileadh ó Shrianadh

Is féidir le stiúrthóir srianta iarratas a chur chuig an Ard-Chúirt maidir le bheith scaoilte, go iomlán nó go páirteach, ó shrianadh taobh istigh de bhliain amháin ón uair a rinneadh an t-ordú srianta. Is féidir leis an Ard-Chúirt má mheasann sí go bhfuil sé ceart agus cothromach é sin a dhéanamh scaoileadh dá leithéid a dhámhadh ar cibé téarmaí a mheasann sí a bheith oiriúnach⁵⁶.

I gcaitheamh na bliana 2005 tháinig an Oifig ar an eolas faoi cheithre iarratas ar scaoileadh agus d'iarr idirghabháil a dhéanamh os comhair na Cúirte i ngach ceann acu le cur i gcoinne na n-iarratas nó le cúnaimh a thabhairt don Chúirt fiúntas na gcásanna a mheas. In dhá chás tarraingíodh siar na hiarratais nuair a thug an Oifig le fios go raibh sé de rún aici idirghabháil a dhéanamh. Sa tríú cás tarraingíodh siar an t-iarratas tar

éis don Ard-Chúirt a rialú gur féidir leis an Stiúrthóir bheith nasctha mar pháirtí leis na himeachtaí. Sa ceathrú cás rialaigh an Ard-Chúirt freisin i bhfabhar an Stiúrthóra bheith nasctha mar pháirtí leis na himeachtaí agus bhíothas ag fanacht le héisteacht an iarratais ar scaoileadh ag deireadh na bliana 2005.

Tá sé de rún ag an OSFC faireachán a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar iarratais ar scaoileadh atá beartaithe agus a iarraidh idirghabháil a dhéanamh i gcásanna oiriúnacha faoi réir chead na Cúirte. Ní mian leis an Oifig go mbainfí úsáid as na hiarratais seo ar bhealach ar bith chun dochar a dhéanamh do chomhchuibheas chóras an srianta reachtúil.

Lorg Stiúrthóirí nach bhfuil ag cloí le Coinníollacha Srianta a Leanúint

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe sa Tuarascáil seo dhearbhaigh fiosrúcháin an OSFC go raibh roinnt daoine srianta ag gníomhú de shárú ar na gceangail reachtúla. Shaothraigh an Oifig roinnt de na cásanna sin i 2005 agus bhain amach roinnt ciontuith agus orduithe dícháilíochta dá bharr.

Orduithe Dícháilíochta Measta

Foráiltear sa dlí⁵⁷ i gcás duine a chiontaítear ar díotáil in aon chion indíotáilte i ndáil le cuideachta, nó lena mbaineann calaois nó mímhacántacht, go measfar é/í a bheith faoi réir ordaithe dícháilíochta ar feadh tréimhse chúig bliana ó dháta an chiontaithe nó ar feadh cibé tréimhse eile a ordóidh an chúirt, ar iarratas an ionchúisitheora. Ag comhoibriú leis an tSeirbhís Chúirte agus le Cláraitheoir na gCuideachtaí dhaingnigh an Oifig uasdátú ar Chlár na nDaoine Dícháilte de chuid an OCC le go gcuimseodh sé na daoine sin atá faoi réir orduithe dícháilíochta measta. Ba shin ba cionsiocair leis gur cuireadh ainmneacha 985 dhuine ar measadh iad a bheith faoi réir ordú dícháilíochta le linn na cúig bliana atá caite in iúl don OSFC i 2005; an toradh air sin go bhfuil anois níos mó ná 1,000 duine liostáilte ar an gClár. Méadú substaintiúil é sin ar an deichniúr a bhí cláraithe ag deireadh na bliana 2004.

⁵⁷Alt 160(1) d'Acht na gCuideachtaí 1990.

Fo-aidhm 4.3: Pionós a Ghearradh i leith Iompar Calaoiseach nó Maslach

Réamhrá

Níl aon deacracht inghreamaithe ag an OSFC le cásanna ina gcuireann stiúrthóirí tús in athuair le gnó tar éis deireadh a chur go rialta le tionscadal a bhí ann roimhe sin (m.sh. trí chuideachta a chur faoi leachtú nó b'fhéidir trí chuid de shochair na cuideachta a bhí ar fáil ón leachtaitheoir a cheannach uaidh ar ráta an mhargaidh). A mhalairt atá fíor; an sainchúram atá aici is ann é chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina thosaíonn stiúrthóirí in athuair beag beann ar na dualgais atá acu faoi dhí cuideachta agus faoi oibleagáidí airgeadais agus eile i leith duine nó níos mó de na bpáirtithe leasmhara sa chuideachta a loic.

Is é an toradh a d'fhéadfadh bheith ar chleachtas 'phoenix' mar sin:

- saobhadh a chur sa mhargadh gnó lena mbaineann toisc go bhfuil an 'phoenix' ag baint áis as costais atá níos lú ná costais an mhargaidh agus go bhfuil aige dá bhrí sin an fhabhraíocht a thugann dó buntáiste mífhéarálte ó thaobh iomaíochta de sa mhargadh,
- go bhfulaingíonn creidiúnaithe cailteanas airgeadais agus go mb'fhéidir go loicfidh siad dá mbarr, agus
- nach mbíonn aon fhreagracht pearsanta ar stiúrthóirí as cailteanas tráchtála nó go n-éalaíonn siad ar aon bhealach eile ó fhreagracht as an loiceadh.

Cuideachtaí atá “Bainte de” Chlár na gCuideachtaí

Cuid mhaith d’fhócas an OSFC i 2005 bhí sé dírithe i dtreo catagóir sonracha de mhí-úsáid poitéinseal a ndéanann feiniméan na gcuideachtaí “bainte de” tagairt dó. Is éard atá i gceist leis an gcatagóir seo cuideachtaí nach bhfuil faoi leachtú ach atá díscailte tar éis dóibh bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí de bhrí gur theip orthu tuairisceán bliantúil a chlárú leis an OCC. Mar thoradh ar an loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú, tá easpa eolais airgeadais ar fáil don phobal, do chreidiúnaithe agus d’údarais rialaitheacha i dtuairisc na gcuideachtaí atá bainte de agus a gcuid dliteanas ag am a mbainte den Chlár. Tharlódh sé go mbunódh roinnt de na stiúrthóirí atá i gceist cuideachta ‘phoenix’ sa réimse chéanna ghnó nó i réimse ghnó cosúil leis an gceann ina raibh an chuideachta thréigthe ag feidhmiú.

Tá stiúrthóirí dá leithéid de chuideachtaí atá bainte den Chlár incháilithe le bheith dícháilithe le gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta i gcomhréir le halt 160(2)(h) d’Acht na gCuideachtaí 1990 agus féadann an OSFC iarratais mar sin a thionscnamh. Cuireann an dlí ó chumas na hArd-Chúirte áfach duine a dhícháiliú a thaispeánann don Chúirt nach raibh aon dliteanas ar an gcuideachta ag am a bhainte den Chlár nó go raibh na dliteanas urscaoilte roimh an dáta ar a ndearnadh an t-iarratas ar dhícháiliú⁵⁸.

Tharla i ndiaidh cás samplach go deireanach i 2004 a raibh rath air gur thug an Oifig níos mó aird ná riamh i 2005 don réimse seo cé gur ar bhonn roghnach is gá ár rannpháirtíocht a bheith i gcónaí. In imeacht na bliana, bhaineamar amach ordú dícháilíochta i leith deich stiúrthóir ar chuideachtaí a bhí bainte de Chlár na gCuideachtaí ar feadh tréimhsí a mhair ó bhliain amháin go cúig bliana. Tá achoimriú ar thoradh roinnt de na gcásanna sin i Léiriú 4.3.1 a ghabhann leis seo.

Léiriú 4.3.1: Achoimriú ar Bhreithiúnais na hArd-Chúirte i gCásanna Clawhammer Limited, Shinrone Food Market Limited agus Cautious Trading Limited

Bhain na cásanna sin uile le cuideachtaí ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad i ndiaidh loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú. Foráiltear in alt 160(2)(h) d’Acht na gCuideachtaí 1990 (arna leasú) go bhfuil iarstiúrthóirí dá leithéid de chuideachtaí tráth ar baineadh de Chlár na gCuideachtaí iad incháilithe le bheith dícháilithe le gníomhú mar oifigigh cuideachta. Foráiltear in alt 160(3A) áfach gur féidir leis na freagróirí dícháiliú a sheachaint má tá siad in ann an Chúirt a shásamh nach raibh aon dliteanas ag an gcuideachta ag am a bhainte den Chlár nó go raibh na dliteanas a bhí aici urscaoilte sular tionscnaíodh na himeachtaí i leith dícháilithe.

Agus í ag déileáil leis na cásanna seo leag an Chúirt amach roinnt prionsabail ginearálta faoi dhícháilíochtaí alt 160(2)(h) agus dhéileáil freisin le hiarratais aonair. Ghlac an Ard-Chúirt le dearcadh an Stiúrthóir gur léirigh achtú alt 160(2)(h) gur mhór an imní ó thaobh reachtaíochta de don Oireachtas an chleachtas trinar cheadaigh stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha, chun dochair do chreidiúnaithe, na cuideachtaí a bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí seachas iad a scor ar bhealach cuí. Ghlac an Chúirt leis freisin gurb é an chaoi a bhreathnaigh an tOireachtas air gur mhó sárú teicniúil ar oibleagáidí dá gcuid faoi Achtanna na gCuideachtaí a bhí ann dá mba rud é gur cheadaigh stiúrthóirí cuideachta a bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí mar thoradh ar loiceadh tuairisceán bliantúil a chlárú. Chinn an Chúirt gur

leordhóthanach leibhéal íosta cruthúnais mar údar ordú dícháilíochta. Dheimhnigh sí freisin gur faoi na bhfreagróirí a bhí sé a thaispeáint don Chúirt nach raibh dliteanas ag an gcuideachta tráth a bhainte de Chlár na gCuideachtaí nó go raibh na dliteanas a bhí aici urscaoilte roimh dáta aon chaingne i leith dícháilithe. Chinn an Chúirt freisin nach faoin OSFC a bhí sé firicí a dhaingniú i ndáil le dliteanas cuideachta dá leithéid nuair a bhí iarratas á dhéanamh ar ordú dícháilíochta.

Agus cuibheas ordú dícháilíochta á bhreithniú aici chinn an Chúirt in éagmais aon fhianaise ó stiúrthóirí a shaoradh ó mhilleán iad maidir leis an mbaint a bhí acu leis an gcuideachta, leis na cúinsí ba cionsiocair leis gur baineadh de Chlár na gCuideachtaí í nó leis an dliteanas amuigh a bhí ag an gcuideachta gur dóigh go raibh údar maith leis an ordú ar dhícháilíochtaí go ginearálta. Mheas an Chúirt gur rud cuí é a iarraidh a chur tréimhse chomhsheasmhach dhícháilíochta i bhfeidhm i gcásanna mar sin agus b’fhacthas di go raibh tréimhse dícháilíochta cúig bliana fóirsteanach.

Sna trí chás shonracha a bhfuil tagairt déanta dóibh chuir an Chúirt prionsabail ginearálta dá cuid i bhfeidhm agus ghearr ordú dícháilíochta ar feadh bliain amháin i gcás amháin tar éis iarrachtaí na bhfreagróirí lena mbaianeann cúrsaí na cuideachta díscailte a thabhairt chun rialtacha, agus ghearr ordú dícháilíochta ar feadh cúig bliana sa dá chás eile.

Ina iomláine roghnaíodh 100 cuideachta a bhí bainte den Chlár d’fhonn caingean chúirte a thionscnamh ina gcoinne i 2005. I 30 cinn de na cásanna sin bhí na stiúrthóirí in ann a thaispeáint don OSFC roimh am tionscanta na n-imeachtaí cúirte nach raibh aon dliteanas ag an gcuideachta ag an am ná ag am a bhainte den Chlár. Rinneadh sin ar an mbonn sin gur tugadh cuntais foirmeálta chuí ar airde maille le teastas iniúcháir a chlúdaigh an tréimhse ó dháta na gcuntas deireanacha suas go dtí dáta an díscailte maille le ráitis mhionnaithe ó na stiúrthóirí nach raibh aon dliteanas ann. Theastaigh dearbhuithe ó na creidiúnaithe freisin mar a líomhnaíodh go raibh na dliteanas socraithe, dliteanas i leith na gCoimisinéirí Ioncaim ina measc. I trí chás gheall na stiúrthóirí go gcuirfeadh siad an chuideachta ar ais ar Chlár na gCuideachtaí. Ag deireadh na bliana 2005 bhí ocht gcinn de chásanna os comhair na gcúirteanna. Ní raibh cinneadh déanta fós i go leor de na cásanna eile ag deireadh na bliana, agus táthar ag súil leis go dtionscnofar roinnt cásanna breise sna cúirteanna i 2006.

I roinnt mhaith cásanna ba léir gur bhain iarstiúrthóirí úsáid as an bpróiseas a lig do chuideachtaí bheith bainte go hainneonach den chlár mar mheicníocht chun struchtúr corparáideacha a scor gan dul i muinín meicníochtaí foirmeálta le haghaidh leachtaithe nó le bheith bainte go deonach den Chlár. I roinnt de na cásanna sin mhaígh iarstiúrthóirí go ndearna siad é sin ar bhonn comhairle ghairmiúil a fuair siad. Is mian leis an Stiúrthóir a chur in iúl gur féidir go mbainfeadh cuideachta go hainneonach de Chlár na gCuideachtaí ach más féidir nár chóir bhreathnú ar an bpróiseas sin mar mhalairt ar scor foirmeálta cuideachtaí agus gur mó gur dóigh go roghnóidh an OSFC cuideachtaí a théann an bealach sin chun imeachtaí i leith dícháilithe a thionscnamh ina gcoinne agus gur mó an seans dá réir go ngearrfar ordú dícháilíochta orthu nó go dtarraingeoidh siad orthu féin an trioblóid cuntais agus ráitis a ullmhú agus a seasamh a chosaint os comhair na cúirteanna. Tarlaíonn sé go mbaintear cuideachtaí go hainneonach den Chlár ach níor chóir go mbreathnófaí ar an bpróiseas sin mar mheicníocht atá ar fáil do stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha chun an iniúchadh a dhéantar ar iompar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú de réir próiseas alt 56 a bhfuil cur síos déanta air cheana a sheachaint.

I ngach cás ina mbaintear cuideachtaí de Chlár na gCuideachtaí tá sócmhainní na cuideachta dílsithe don Aire Airgeadais i gcomhréir le forálacha an Acht Maoine Stáit. Is é an polasaí atá ag an Oifig aird na

Roinne Airgeadais a tharraingt ar chásanna ina raibh sócmhainní suntasacha i seilbh cuideachta tráth a bhainte den Chlár.

Cuideachtaí Dócmhainneacha ag Trádáil

Cé gurb é freagracht chreidiúnaithe cuideachta go príomha a leas ó thaobh airgeadais a chosaint, ó am go chéile cuireann an OSFC a ladar sa scéal trí fhiosrú a dhéanamh i gcás ina bhfuil amhras faoi mhí-iompar cuideachtaí dócmhainneacha atá ag trádáil. Rinneadh tagairt níos luaithe sa Tuarascáil so don rath a bhí ar obair an OSFC i 2005 nuair a baineadh amach ordú dícháilíochta ar feadh cúig bliana i leith dhá stiúrthóir i dtionscal na tógála de bharr mí-iompar tromchúiseach. Féach Léiriú 2.3.1 thuas.

Conclúid

Le breis is 145 ordú srianta agus 19 n-ordú dícháilíochta i leith stiúrthóirí arbh eol di go raibh baint acu le cuideachtaí dócmhainneacha i 2005, rinne an OSFC tuilleadh dul chun cinn i gcomhar le leachtaitheoirí agus leis na Cúirteanna chun iompar mífhreagrach nó mídhleathach sa réimse seo a chosc. Dhearbhaigh taighde margaidh a rinneadh ar son an OSFC go deireanach i 2005⁵⁹ go bhfuil an creat nua dlí le haghaidh dócmhainneacha corparáidí ag cuidiú le caighdeán níos airde a bhaint amach maidir le hiompar corparáideach, viz:

- b’fheasach do 66% de stiúrthóirí sa suirbhé gur iarr an OSFC ordúithe dícháilíochta a bhaint amach tar éis do chuideachtaí a raibh dliteanas amuigh orthu bheith bainte de Chlár na gCuideachtaí;
- b’fheasach do 56% de stiúrthóirí gur tharraing cuideachtaí dócmhainneacha faoi leachtú aird an OSFC orthu;
- creideann 68% de stiúrthóirí go bhfuil stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha éirithe níos freagraí ó thaobh iompair de le blianta beaga anuas;
- chuir naonúr as gach deichniúr stiúrthóir in iúl go raibh an ODCE éifeachtúil.

Thug an taighde chun aitheantais freisin roinnt ceisteanna sonracha i réimse na dócmhainneacha ar dhíol oibre úsáidí don OSFC a bheadh iontu agus tabharfar cuid acu ar aghaidh i 2006.

⁵⁸Alt 160(3A) d’Acht na gCuideachtaí 1990.

⁵⁹Taighde margaidh a rinne Millward Brown IMS don OSFC i ndeireadh 2005/go luath i 2006.

Aidhm 5 – Seirbhís den Scoth a Sholáthar do Chustaiméirí Inmheánacha agus Seachtracha

Réamhrá

Rinne an OSFC iarracht i 2005 seirbhís den scoth a sholáthar dá custaiméirí ar bhonn leanúnach agus creideann an Stiúrthóir gur éirigh leis an bhfoireann riaradh go substainteach ar na riachtanais a bhain leis an gcuspoir sin. Soláthraíonn a leanas buaicpointí obair na hOifige sa réimse seo in imeacht na bliana.

Fo-aidhm 5.1: Acmhainní OSFC a Dhaingniú agus a Bhainistiú

5.1.1 Foireann

Choinnigh an OSFC gar don líon foirne atá ceadaithe di i rith na bliana. Cineál agus raon ualach oibre na hOifige faoi láthair curtha san áireamh, mheas an Stiúrthóir é bheith riachtanach cead a lorg i mBealtaine 2005 20 ball foirne breise a earcú a chuimseodh foireann riaracháin, Garda agus roinnt acmhainní speisialtacha. Ag deireadh na bliana ní raibh aon cinneadh críochnaitheach déanta faoin Aighneacht seo maidir le hEarcú Foirne agus beidh an Stiúrthóir ag cur brú go seasta go bhfaighidh sé freagra dearfach. In **Aguisín 5.1.1** tugtar briseadh síos ar fhoireann na hOifige ag deireadh na bliana.

Is mian leis an Stiúrthóir an cúnaimh luachmhar a thug Pat Collins, Marie Devaney, Denis Murray agus Denis O'Sullivan i ndáil le forbairt na hOifige sna blianta tosaigh a admháil. D'fhág an ceathrar an Oifig i 2005 chun tabhairt faoi dhúshláin nua.

5.1.2 Acmhainní Airgeadais

Cuireadh ciste ar fáil maidir le costas riaracháin na hOifige i 2005 trí Fhómhírcheann A09 de Vóta 34 (An tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta). Tugtar achoimre sa tábla a leanas ar na suimeanna a dáileadh agus a caitheadh maidir leis na ceannuidil Phá agus Neamhphá.

Fómhírcheann A09, Vóta 34	2005 Leithroinnt (€000s)	2005 Caiteachas (€000s)
Pá	1,793	1,809
Neamhphá	2,745	1,090
Iomlán	4,538	2,899

Tá briseadh síos níos mine déanta ar fhigiúirí na bliana 2005 in **Aguisín 5.1.2**.

Íslíú de 5.9% a bhí san iomlán de €2.899 milliún i gcomórtas leis an iomlán de €3.07 milliún i 2004. Cé gur fhan an caiteachas ar phá gar don mhéid a bhí leithroinnt, bhí spáráil taifeadta maidir leis an mbuiséad neamhphá. Ba é ba chúis leis sin go príomha costais dlíthiúla agus costais lucht gairme eile a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. Na himeachtaí dlí reatha agus na cinn atáthar ag súil leo curtha sin áireamh, is dóigh go mbeidh an figiúr don bhliain 2006 níos airde ná toradh na bliana 2005. I gcomhréir le Gnásanna Cuntasaíochta an Rialtais, géilleadh an barrachas de €1.639 milliún ag deireadh na bliana 2005.

5.1.3 Dul chun cinn Eagraíochtúil

Cuireadh tús i 2005 le huasghrádú agus le leathnú bhunachar sonraí na hOifige a thairfeadann agus a leanann lorg na gcásanna nochta, forfheidhmithe agus dócmhainneacha agus bhí sé tagtha go mór chun cinn ag deireadh na bliana. Beidh feabhas ar éifeachtúlacht na hOifige de bharr na forbartha seo agus tá súil lena bheith curtha i bhfeidhm go hiomlán go luath i 2006.

Tharla i 2005 gur fhostaigh OSFC saineolaithe seachtracha chun cuidiú léi tabhairt faoina hobair imscrúdaithe agus forfheidhmithe go háirithe. Lean Painéil Chuntasaíochta agus Dlí an OSFC leo agus leathnaíodh iad agus tá siad fós oscailte d'iarratasóirí ar mian leo seirbhísí den chineál sin a chur ar fáil don Oifig.

5.1.4 Plean Gnímh maidir le Bainistiú Riosca

I rith na bliana 2005 bhí an OSFC agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag obair i gcomhar lena chéile ag uasdátú agus ag déanamh athbhreithniú ar chóras bhainistiú riosca na hOifige de réir mholtaí na Tuarascála Mullarkey.

Fo-aidhm 5.2: Foireann a chur chun cinn

5.2.1 Bainistíocht Feidhmíochta

Cuireann an Oifige bhfeidhm an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a fheidhmíonn ar fud na Ranna agus na hOifigí Rialtais uile. Tá an córas gaolta go díreach le Plean Gnó na hOifige atá bunaithe ar a sheal ar an bhfócas atá aitheanta i Ráiteas Straitéiseach reatha an OSFC.

Rinneadh athbhreithniú ar rólanna na mball foirne ar leith i rith na bliana 2005, agus rinneadh coigeartuithe mar ba ghá ar thascanna agus ar riachtanais oiliúna i bhfianaise forbairtí a bhain le hobair.

I 2005 cuireadh 96 lá oiliúna sheachtracha ar fáil do 16 bhall foirne den OSFC ar fud ma ngrád uile. Bhain 62 díobh siúd le laethanta oiliúna i dtaca le TE agus bhain 10 mball foirne leas astu. Chuir an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta 55.5 lá breise d'oiliúint ar fáil do 32 bhall foirne an OSFC; bhain 5.5 lá de na laethanta sin le hoiliúint i dtaca le TE a chuaigh chun leasa cúigear bhall foirne den OSFC. Reachtladh seimineáir san Oifig féin ar ábhair éagsúla a bhain le hobair na Roinne, na hOifige agus leis an tSeirbhís Poiblí go ginearálta.

5.2.2 Obair Mheithealbhunaithe

D'oibrigh foirne ildisciplíneacha ar bhonn leanúnach taobh istigh den OSFC ag déileáil le hualach chásanna na hOifige a bhí ag dul i líon go seasta. Is amhlaidh atá i réimsí an bhraite, na forfheidhmithe agus na dócmhainneachta go sonrach. Rinneadh athbhreithniú, forbairt agus coigeartú i rith na bliana ar ghnásanna oibre agus ar fheidhmíocht na meitheal d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht agus ar chaighdeán meas agus láimhdeachas cásanna. Is ceart a rá go bhfuil na socruithe tagtha chun aibíochta anois, go bhfuil gnásanna caighdeánacha oibre forbartha agus curtha i bhfeidhm i roinnt cineál cásanna sonracha. Tá léiriú pictiúrtha ar na páirteanna a d'imir foireann OSFC de réir réimse feidhme in **Aguisín 5.2.1**.

I rith na bliana 2005, rinne an Stiúrthóir roinnt athbhreithnithe maidir leis na cumhachtaí a tharmligear do bhaill foirne sonraithe faoi alt 13 den Acht um

Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001. Tarmligeadh chun ceithre bhall den fhoireann a bhí ag obair i meithleacha agus i réimsí éagsúla den Oifig ceann nó níos mó d'fheidhmeanna dlíthiúla an Stiúrthóra. Cuimsigh sin seacht n-athrú ar tharmligin a bhí ann cheana féin.

Tháinig Coiste Bainistíochta na hOifige a dhéanann ionadaíocht don fhoireann uile, le chéile faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra i gcruinnithe réasúnta rialta i 2005 chun déileáil le ceisteanna polasaí agus eagraíochtúla a fhearann ar fhorbairt agus ar threoir leanúnach na hOifige.

Fo-aidhm 5.3: Seirbhísí Custaiméara den Scoth a chur chun cinn agus Caoi a Choinneáil Orthu

5.3.1 Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil

Ón uair ar bunaíodh í tá acmhainní suntasacha caite ag OSFC le forbairt agus le húsáid na teicneolaíochta nua d'fhonn eolas a chur ar fáil dá cuid chustaiméirí, d'fhonn tuairimí na gcustaiméirí a fháil agus d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht sna cleachtais oibre. Tairgeann an Oifig na seirbhísí a leanas don phobal agus do lucht gairme:

- eolas faoi dhlí cuideachta agus faoi chúrsaí gaolmhara via suíomh idirlín na hOifige, foilseacháin, etc. Sa gcomhthéacs sin chláraigh 174 chustaiméir i 2005 le haghaidh seirbhíse a chuirfeadh ar an eolas iad eolas nua a bheith foilsithe ar an suíomh idirlín;
- cainteanna, seimineáir agus tionscnaimh ghéilliúntais a chuireann foireann na hOifige ar fáil;
- an áis trínar féidir gearáin a dhéanamh i gcás amhrais faoi mhí-iompar corparáideach;
- seirbhísí bunaithe ar reachtaíocht trína gceanglaítear ar iniúchóirí, leachtaitheoirí agus lucht leasa eile tuairisc a dhéanamh don Oifig i gcúinsí áirithe;

- cúnadh ginearálta a thairgtear do chliant na hOifige ag déileáil le fiosrúcháin teileafóin, comhfhreagras, ríomhphost, etc.

Is ceisteanna tábhachta don OSFC buarthaí custaiméirí seachtracha agus inmheánacha agus bhreathnaítear ina ndiaidh sa Ráiteas Straitéise, sna Pleananna Gnó agus sa Tuarascáil Bhliantúil. I rith na bliana 2005, rinne foireann na hOifige ar bhonn leanúnach gach iarracht seirbhísí den scoth a sholáthar dá custaiméirí idir inmheánacha agus sheachtracha.

5.3.2 Foilseacháin

Ullmhaíodh agus eisíodh na foilseacháin a leanas i rith na bliana 2005:

- Ráiteas Cinn Bhliana agus Athbhreithniú an Stiúrthóra, 2004;
- Tuarascáil Bhliantúil an OSFC don bhliain 2004 (i nGaeilge agus i mBéarla);
- Cairt Sheirbhís Chustaiméara an OSFC, an Ráiteas faoi Phrionsabail Sheirbhís Ardchaighdeánach Chustaiméara OSFC agus Gnás Gearán Chustaiméara an OSFC (i nGaeilge agus i mBéarla);
- Fógra Eolais I/2005/1 a liostáil na cuideachtaí faoi leachtú dócmhainneach ar chinn an OSFC scaoileadh iomlán nó ‘scaoileadh ag an am seo’ a dhámhadh ina leith i 2004 de bhun alt 56 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001;
- Fógra Eolais I/2005/2 a mhínigh na hathruithe tábhachtacha i dlí cuideachta a d’eascair as achtú An Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005;
- Fógra Eolais I/2005/3 a chuir in iúl d’iniúcháirí go sonrach go raibh díolúine faighte acu le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2005 ón gceangal cásanna ina raibh amhras faoi mhainneachtain i leith clárú tuairisceán bliantúil a thuiriscíú don OSFC.

Mar a cuireadh in iúl níos luaithe d’eisigh an Stiúrthóir roinnt preasráiteas freisin, agus scríobh roinnt ball foirne den OSFC páipéir agus rinne láithreorachtaí do na meáin náisiúnta agus gairmiúil, do ghrúpaí ón earnáil ghnó agus eile.

5.3.3 Suíomh Idirlín

Rinneadh uasdátú ar bhonn leanúnach ar shuíomh idirlín an OSFC i 2005 le heolas faoi obair an OSFC agus faoi fhorbairtí rialachais chorparáidigh a bhain léi. Ar ábhar nua a seoladh chuig an suíomh idirlín bhí:

- foilseacháin nua de chuid na hOifige mar a luadh thuas;
- cóipeanna de láithreorachtaí áirithe a rinne an Oifig do ghrúpaí ó na hearnálacha gnó, gairmiúla agus do ghrúpaí leasmhara gaolmhara;
- preasráitis, ailt, etc. a d’eisigh an Stiúrthóir agus baill foirne eile agus
- na torthaí ar chásanna Cúirte a d’ionchúisigh an Stiúrthóir ina raibh amhras faoi shárú dlí cuideachta nó dualgais agus breitheanna Cúirte eile a bhaineann le dlí cuideachtaí.

Bhí tarraingt leanúnach ag suíomh idirlín na hOifige www.odce.ie ar mhéid suntasach cuairteoirí i 2005, rud a léirigh áisiúlacht an tsuímh ó thaobh rialachas corparáideach agus eolas gaolmhara de. Tugadh 178,904 chuairt ina iomláine ar an suíomh i 2004, ardú de 53% ar na 116,783 chuairt i 2004 (arbh ardú é féin de 54% ar an bhfigiúr de 75,597 i 2003). Taispeánann an chairt thíos cuairteanna in aghaidh na míosa agus is léir uaithi go raibh pátrún réasúnta comhsheasmhach le cuairteanna i rith na bliana.

I rith na bliana 2005 d’fhostaigh an Oifig cuideachta dheartha shuíomh idirlín chun chuidiú léi athchóiriú ó bhun aníos a dhéanamh ar shuíomh idirlín OSFC le súil é a thabhairt suas don leibhéal ab airde ó thaobh áisiúlachta (.i. go gcomhlíonadh sé na coinníollacha a bhaineann le Leibhéal III WAI a chinntíonn an leibhéal áisiúlachta is airde do dhaoine faoi mhíchumas). Braitheadh go raibh an athchóiriú seo riachtanach tar éis taithí ceithre bliana ar struchtúr an tsuímh agus ar an bhfás as cuimse sa trácht i dtaca le cuairteoirí in rith na bliana sin. Ba chóir go mbeadh teacht níos éasca ag an úsáideoir ar an eolas rialacháin chorparáidigh atá ar fáil nuair a bheidh an suíomh nua réidh i 2006.

229,961 uair de réir taifid is ea a rinneadh íosluchtáil eolais ar shuíomh idirlín OSFC i 2005, ardú suntasach ar a leathfhigiúr de 59,261 i 2004. Bhain na cáipéisí a íosluchtáladh le 335 doiciméad in iomláine (191 i 2004). Liostáiltear de réir aicme na doiciméad is mó a raibh éileamh orthu i 2005 in **Aguisín 5.3.1**. Is léir gur mór an spéis atá sna catagóir éagsúla doiciméad ar an suíomh idirlín.


5.3.4 Taighde Margaidh

Mar chuid de pholasaí na hOifige a sheasamh mar rialtóir cuideachtaí a shocrú go neamhspleách, choimisiúnaigh an OSFC Millward Brown IMS i deireadh na bliana 2005 chun suirbhé a dhéanamh ar bhreithnithe margaidh i roinnt réimsí. Tá tagairt déanta cheana i gcodanna eile den Tuarascáil seo do na cinntí a dhéanann inter alia tagairt don timpeallacht ghéilliúntais i leith dlí cuideachta.

Sa mhéid is a bhaineann sé le héifeachtúlacht an OSFC ba léir ón suirbhé feabhas sa dearcadh a bhí ag pobal tábhachtach .i. lucht gairme agus corparáideach uirthi i gcomórtas le torthaí ar a mhacasamhail de thaighde a

rinneadh i 2004. Cuireadh agallamh ar 130 cuntasóir agus leachtaitheoir agus mheas 90% acu an Oifig a bheith éifeachtúil. Toradh sásúil de 68% éifeachtúlachta a fuarthas ar ais ó na 300 stiúrthóir sa suirbhé agus chiallaíonn sin feabhas suntasach ar chúrsaí i gcomórtas le 2004; déantar sin a choimriú faoi roinnt ceannteideal sa léiriú a ghabhann leis seo.

I suirbhé comhthreomhar ar an bpobal i gcoitinne fuair Millward Brown IMS amach gur taobh le hÉireannach fásta amháin as gach triúr a bhí tuiscint ar an OSFC. Ardaíodh iomrá na hOifige freisin i rith na bliana nuair a chuir an scéal a léiríodh sa tsraith “Fair City” ar RTE i súile an phobail é.



Cuairteanna ar www.odce.ie i 2004 agus 2005

5.3.5 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise (SF)

Ceadaítear sna hAchtanna SF nochtadh taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige amháin. I rith na bliana 2005 fuair an OSFC trí iarratas nua faoi na hAchtanna ag lorg taifead. Diúltaíodh d'iarratas amháin toisc nár bhain sé le taifid i leith riarachán ginearálta na hOifige agus dámhadh an dá cheann eile go páirteach.

5.3.6 Achtanna um Chosaint Sonraí

Tá an OSFC cláraithe le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí mar Rialaitheoir Sonraí. Tugtar cosaint sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 in aghaidh nochtadh míchuí eolais ar bith atá ar coimeád faoi dhuine aonair. I 2005 chloí an OSFC leis an gceangal sin ar bhonn seasta trí uasdátú a dhéanamh ar a clárúchán agus trí fhorálacha diana rúndachta dá cuid féin san Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2005 a chomhlíonadh.

5.3.7 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Foráiltear faoin Acht do íoc úis le soláthraithe a mbíonn a gcuid sonrasc gan íoc ag an dáta forordaithe. De réir pholasaí na hOifige a shocraíonn go nglantar gach sonrasc ar bhealach tráthuil, níor gearradh aon fhortháille úis ar OSFC ar aon íoc i 2005.

5.3.8 Géilliúntas i leith Caighdeáin Seirbhíse Aontaithe Chustaiméara

D'fhoilsigh an Oifig ráiteas i 2005 faoin gcaighdeán seirbhíse a bhféadfadh custaiméir a bheith ag súil leis. Foilsíodh Cairt Chustaiméara freisin maille le Foirm Ghearán Custaiméara agus eolas faoi Ghnáis Ghearán maidir le seirbhísí custaiméara an OSFC.

Tá an OSFC dúthrachtach maidir le seirbhís chustaiméara den scoth a chur ar fáil do gach ball den phobail a bhfuil plé aige léi agus dá foireann féin freisin. Rinne an Oifig athbhreithniú go rialta ar chaighdeán na seirbhíse a

cuireadh ar fáil agus féachadh le tuilleadh feabhais a chur air. Is cuid den phróiseas seo na Seirbhísí Aiseolais agus Gearáin ar an suíomh idirlín agus is amhlaidh scéal d'athfhorbairt an tsuímh atá faoi lán seoil.

Creideann an Stiúrthóir áfach go bhfuil leibhéal na seirbhíse chustaiméara tite siar i 2005 de bharr brú oibre. Mar shampla rinneadh tagairt don phointe eolais níos luaithe sa Tuarascáil seo go bhfuil carn mór cásanna agus fás ag teacht orthu atá fós gan phróiseáil in ainneoin an méadú ar líon na gcásanna atá idir lámha. Ní mór líon foirne na hOifige a mhéadú go substainteach chun an tionchar dearfach a bhí ag an Oifig ar an timpeallacht ghéilliúntais i leith dlí cuideachta a choinneáil leis i 2006 agus níos faide ar aghaidh.

Conclúid

An rath a bhí ar obair an OSFC curtha san áireamh agus ainneoin deacrachtaí dúshlánach a bhfuil sí ag tabhairt aghaidh orthu, tá an Stiúrthóir sásta tríd is tríd go bhfuil seachadadh déanta ag an Oifig ar thoradh infheistíochta na cáiníocóirí inti agus go bhfuil a luach faighte go maith acu i 2005.

Éifeachtúlacht an OSFC.....

Foras: Stiúrthóirí uile	An - éifeachtúil %	Éifeachtúlacht lomlán %	Athrú le hais 2004 %	Up to 10 bhfostai %	11-50 fostai %	51+ fostai %
Maidir lena chinntiú go bhfuil níos mó eolais agus meas níos airde ag cuntasóirí agus ag iniúchóirí ar a ndualgais agus ar a n-oibleagáidí faoi dhlí cuideachta	32	66	+25	63	65	72
Maidir le géilliúntas i leith Achtanna na gCuideachtaí	14	65	+24	59	65	73
Maidir le cosc ar stiúróirí cuideachta agus ar dhaoine nach iad dlí cuideachta a shárú nó gníomhú go mímhacánta nó go mífhreagrach	14	62	+25	57	62	68
Maidir lena chinntiú go bhfuil níos mó eolais agus meas níos airde ag stiúrthóirí cuideachta ar a ndualgais agus ar a n-oibleagáidí faoi dhlí cuideachta	13	56	+17	52	53	63
Maidir le daoine nach dtugann aird ar Achtanna na gCuideachtaí a thabhairt os comhair na cúirte	8	43	+14	42	41	45
Maidir lena chinntiú go bhfuil níos mó eolais agus meas níos airde ag scairshealbhóirí ar a ndualgais agus ar a n-oibleagáidí faoi dhlí cuideachta	9	39	+20	42	37	36
Éifeachtúlacht lomlán	9	68	<i>g/f</i>	66	68	71

Q. C. Léifidh mé amach liosta ainmneacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an OSFC agus ba mhaith liom go ndéarfá liom cé chomh héifeachtúil nó eile a mheas tú an OSFC a bheith i gcás gach ceann acu. Tosóimid le....

Conclúid

Is éard atá i torthaí an OSFC don bhliain 2005 forbairt bhreise suntasach ar a shainchúram i leith an ról forfheidhmithe sibhialta atá aici go háirithe. Bhí na torthaí ar thaighde margaidh dearfach sa tsubstaint maidir le:

- timpeallacht ghéilliúntais fheabhsaithe i ndáil leis na hoibleagáidí i leith dlí cuideachta agus
- an dearcadh i measc stiúrthóirí cuideachta agus lucht gairme go raibh éifeachtúlacht ag baint leis an Oifig.

Tá fonn láidir ag an Oifig i gcónaí cáilíocht na hoibre a chur chun cinn le himeacht ama agus tá sé tábhachtach go mbeidh a hacmhainn ghéilliúntais agus forfheidhmithe in ann coinneáil buille ar bhuille leis na dúshláin a bhfuil

sí ag tabhairt aghaidh orthu. Mura mbeidh beidh titim siar ar éifeachtúlacht an OSFC.

Faoi láthair airíonn an pobal nach bhfuil ach 50% de chuideachtaí go maith a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí cuideachta⁶⁰. Is fíor go bhfaigheann an OSFC 1,000 tuairisc agus gearán nua ar bhonn leanúnach gach bliain agus is dearbhú é sin gur suntasach an méid rudaí as bealach atá fós á dhéanamh sa saol corparáideach. Tá an t-éileamh ar thuilleadh eolais i leith géilliúntais ginte de bharr na tuisceana go bhfuil gá le caighdeáin fheabhsaithe chorparáideacha. Is teann atá sé le hacmhainní an OSFC agus í ag iarraidh déileáil go héifeachtúil leis an obair sheasta seo.

I dtaca leis sin d'aithin an Stiúrthóir roinnt fadhbanna agus easnaimh atá ag teacht aníos arís is arís; athrú

⁶⁰Taighde margaidh a thug Millward Brown IMS faoi ar son an OSFC i ndeireadh 2005/go luath i 2006.

céime in acmhainn ghéilliúntais agus forfheidhmithe an OSFC a theastaíonn chun iad san a leigheas. Ciallaíonn na srianta atá ar acmhainní faoi láthair:

- nach féidir leis an OSFC níos mó ná fiosrúchán mór nó dhó a bhogadh ar aghaidh gach bliain mar gheall ar a gcastacht agus a scóip. Bíonn acmhainní ag cuideachtaí móra chun cur in aghaidh nó moill a chur ar fhiosrúchán. Níor chóir gurb é an gnó beag nó meán méide an t-aon earnáil amháin a thugtar os comhair na cúirte go rialta tar éis mí-iompar a bhrath;
- níl a leithéid ann agus acmhainní spriocdhírthe chun dul i ngleic le fadhb na cuideachtaí ‘phoenix’;
- níl ach acmhainn teoranta ar fáil don Oifig chun a dícheall a dhéanamh i ndáil lena hobair i leith géilliúntais. Ba mhaith leis an Stiúrthóir níos mó ábhar treorach a chur chun cinn agus go mbeadh obair na hOifige i leith géilliúntais dírithe ar thionscadail nuabhunaithe agus ar ghrúpaí sóisialacha, deonacha agus pobail.

Tá sé d’aidhm ag dlí cuideachta timpeallacht tharraingteach agus iontaofa a chur ar fáil le haghaidh caidreamh eacnamúil agus sóisialta. Nuair a thugann geallchoimeádaithe neamhaird ar a gcuid oibleagáidí is í an fheidhmíocht mhargaidh a bhíonn thíos leis agus is iad na Coimisinéirí Ioncaim, creidiúnaithe eile agus cuideachtaí géilliúla a bhíonn ina n-íospartaigh. Is ar mhaithe le leas an pobail atá OSFC láidir ag teastáil le go mbeidh margaidh in ann feidhmiú go héifeachtúil agus an riaradh is fearr a dhéanamh ar na cuspóirí áirithe seo:

- cothromas – cur i bhfeidhm an dlí a dhaingniú do gheallchoimeádaithe uile is cuma cén chumhacht mhargaidh nó réimse feidhmiúcháin atá acu.
- iomaíocht – cosc ar chleachtais mhí-úsáide agus mhídhleathacha tráchtála a dhéanann dochar d’iomaíocht inmharthana mhargaidh.
- feabhas - gnóthú cleachtais agus gnáis rialacháin d’ardchaighdeáin ar bhonn níos iontaofa i tionscadail bheaga, mhóra agus mheánmhéide.

Tá cáil idirnáisiúnta bainte amach ag Éire mar áit tharraingteach chun gnó a dhéanamh le blianta beaga anuas. Caithfear an rath seo a comhdhlúthú sna blianta amach romhainn trí chumas láidir chun dul i ngleic le mí-iompar corparáideach tromchúiseach nó féiltiúil i tionscadail de gach uile chineál agus mhéid.

Aguisíní

Aguisíní 1.2.1

Liosta Láithreorachtaí OSFC i 2005

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad Coinne	Tinreabh (garlón)	Cainteoir
25/01/2005	I.T. Phort Láirge	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Phort Láirge	180	Adrian Brennan
26/01/2005	Comhairle Contae Shligigh	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Sligeach	30	Adrian Brennan
27/01/2005	Institiúid na Stiúrthóirí/Centre for Corporate Governance UCD	Seimineár	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	UCD Belfield, Baile Átha Cliath	100	Paul Appleby
02/02/2005	An Garda Síochána	Cúrsa Fiosrúchán Calaoise	Ról an OSFC	Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath	20	Pat Collins
09/02/2005	Audit Committee Institute Ireland	Seimineár	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí: Ceisteanna ar tugadh aghaidh orthu i Treoir Leasaithe an OSFC	Óstán Berkeley Court, Baile Átha Cliath	200	Paul Appleby
14/02/2005	Stiúrthóirí Oibrí ICTU	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath I	30	Adrian Brennan
14/02/2005	Cónaidhm Bhaincéirí Éireann	Seimineár	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí: Ceisteanna ar tugadh aghaidh orthu i Treoir Leasaithe an OSFC	Teach Nassau, Baile Átha Cliath 2	50	Paul Appleby
15/02/2005	The Institute of Taxation in Ireland	Láithreoireacht	Treoir Leasaithe OSFC maidir le Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	Óstán Four Seasons	80	Paul Appleby
17/02/2005	Financial Services Ireland	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	IBEC, Teach Confederation	30	Paul Appleby
02/03/2005	Seisiún Faisneisithe ICTU	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí - Cuimsiú agus Eifeacht	ICTU, Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath I	15	Paul Appleby
09/03/2005	Jordan Publishing	Comhdháil	Dul chun cinn sa Ghníomhaíocht agus sa Pholasáí Forfheidhmíthe	Óstán Jury's, Droichead na Dothra	80	Paul Appleby

Aguisíní 1.2.1 (ar lean)

Liosta Láithreorachtaí OSFC i 2005

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad Coinne	Tinreabh (garlón)	Cainteoir
09/03/2005	An Garda Síochána	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Ceanncheathrú an Gharda Síochána	25	Gerry Walsh
31/03/2005	Dublin International Insurance and Management Association	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí - Cuimsiú agus Eifeacht	Óstán Fitzwilliam, Baile Átha Cliath	40	Paul Appleby
12/04/2005	Orwell Network Group	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Chorporáidí do Stiúrthóirí/Iniúcháirí Cuideachtaí Beaga Teoranta Priobháideacha	Club Leadóige Fitzwilliam	20	Adrian Brennan
15/04/2005	Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn	Comhdháil	Iniúcháir ag Tuairisciú don OSFC	Óstán Radisson SAS, Gaillimh	200	Paul Appleby
20/04/2005	Insurance Institute of Ireland	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí - Cuimsiú agus Eifeacht	Óstán Davenport	80	Paul Appleby
25/04/2005	Current Law Training	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Óstán Westbury	100	Adrian Brennan
04/05/2005	Network Group	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Club Leadóige Fitzwilliam	20	Adrian Brennan
05/05/2005	Network Group	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Óstán Jury's, Baile Átha Cliath	15	Adrian Brennan
05/05/2005	Network Group	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Dhlí Cuideachta	Óstán Mont Clare, Baile Átha Cliath	25	Adrian Brennan
11/05/2005	Insurance Institute of Galway	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí	Óstán Harbour, Gaillimh	18	Kevin Prendergast
11/05/2005	Cumann Dlí na hÉireann	Láithreoireacht	Ról agus Feidhmeanna an OSFC	Cumann Dlí na hÉireann, Plás Blackhall, Baile Átha Cliath	250	Adrian Brennan
17/05/2005	Disability Federation of Ireland	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Corparáidí	Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath	60	Kevin Prendergast
17/05/2005	An Garda Síochána	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Ceanncheathrú an Gharda Síochána	25	Gerry Walsh

Aguisíní 1.2.1 (ar lean)

Liosta Láithreorachtaí OSFC i 2005

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad Coinne	Tinreamh (garlón)	Cainteoir
17/05/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Limistéar Thrá Lí	15	Dermot Madden agus Mick Moran
18/05/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Luimneach	40	Dermot Madden agus Mick Moran
23/05/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Corcaigh	40	Dermot Madden agus Mick Moran
25/05/2005	Marsh Ireland	Láithreoireacht	Rialachas Corparáideach Inniu – Ceisteanna agus Freagraí	Óstán Berkeley Court, Baile Átha Cliath	100	Kevin Prendergast
08/06/2005	International Association of Insolvency Regulators	Comhdháil	Forbairtí maidir le Dócmhainneacht Chorparáideach in Éirinn	Helsinki	35	Paul Appleby
28/06/2005	Insurance Institute of Cork	Láithreoireacht	Ráitis Ghéilliúntais Stiúrthóirí – Cuimsiú agus Eifeacht	Óstán an Imperial, Corcaigh	10	Paul Appleby
13/09/2005	Nova	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Corparáidí	UCD	25	Kevin Prendergast
13/09/2005	An Garda Síochána	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Ceanncheathrú an Gharda Síochána	25	Gerry Walsh
16/09/2005	Clár Fiontraíochta Pobal Trasteorainn Networks	Comhdháil	Scrúdú Sláinte Corparáidí	Eglinton, Doire, Tuaisceart na hÉireann	25	Kevin Prendergast
23/09/2005	Milltown Institute	Comhdháil	Eitic Ghnó	Milltown Institute	80	Paul Appleby
04/10/2005	Seirbhís Phromhaidh agus Leasa	Comhdháil	Scrúdú Sláinte Corparáidí	Óstán Hodson Bay, Áth Luain	100	Kevin Prendergast
12/10/2005	Institute of Chartered Secretaries and Administrators	Láithreoireacht	Rialú Dlí Cuideachta - OSFC	Óstán Jury's, Baile Átha Cliath	150	Paul Appleby

Aguisíní 1.2.1 (ar lean)

Liosta Láithreorachtaí OSFC i 2005

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad Coinne	Tinreamh (garlón)	Cainteoir
13/10/2005	Family Resource Centre	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Corparáidí	Óstán Keadeen, An Droichead Nua	40	Kevin Prendergast
07/11/2005	Scoil Chuntasíochta UCD	Láithreoireacht	Ról an OSFC	UCD	115	Kevin Prendergast
10/11/2005	MBA Association of Ireland – Western Chapter: Ócáid 'Guest Speaker'	Láithreoireacht	Ról an OSFC maidir le Laghdú Riosca agus Feabhsúchán Feidhmíocht Mhargaidh	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	30	Paul Appleby
11/11/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Limistéar Dhún Dealgain	18	Dermot Madden agus Mick Moran
16/11/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Gaillimh	18	Dermot Madden agus Mick Moran
17/11/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Limistéar Chill Mhantáin (Dumhach Thrá)	12	Dermot Madden agus Mick Moran
24/11/2005	An Garda Síochána	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Ceanncheathrú an Gharda Síochána	25	Gerry Walsh
25/11/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Limistéar Loch Garman	22	Dermot Madden agus Mick Moran
25/11/2005	Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn	Comhdháil	'Regulation – Achieving the Balance'	An Tulach, Co. Cheatharlach	100	Paul Appleby
25/11/2005	Omnipro Practice Support	Láithreoireacht	'What's on the ODCE's Agenda?'	The Clarion, Luimneach	25	Kevin Prendergast
01/12/2005	OSFC/ Coimisinéirí Ioncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí Ioncaim	Limistéar na Mí (Ashtown Gate)	15	Dermot Madden agus Mick Moran

Aguisíní 1.2.1 (ar lean)

Liosta Láithreorachtaí OSFC i 2005

Dáta	Eagraí	Cineál Ócáide	Ábhar	Ionad Coinne	Tinreamh (garlón)	Cainteoir
02/12/2005	OSFC/ Coimisinéirí loncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí loncaim	Limistéar Phort Láirge	22	Dermot Madden agus Mick Moran
02/12/2005	Omnipro Practice Support	Láithreoireacht	'What's on the ODCE's Agenda?'	Óstán Westbury, Baile Átha Cliath	15	Kevin Prendergast
05/12/2005	Association of Compliance Officers	Láithreoireacht	Ról an OSFC	Institiúid na mBaincéirí, Baile Átha Cliath	100	Kevin Prendergast
07/12/2005	Omnipro Practice Support	Láithreoireacht	'What's on the ODCE's Agenda?'	Corcaigh	10	Kevin Prendergast
08/12/2005	OSFC/ Coimisinéirí loncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí loncaim	Limistéar Átha Luain	22	Dermot Madden agus Mick Moran
09/12/2005	Enterprise Start Programme	Láithreoireacht	Scrúdú Sláinte Corparáidí	Sligeach	10	Kevin Prendergast
10/12/2005	Scoil Díl UCD	Fóram Díl Éireannach Eorpach	Forfheidhmiú Cleachtais Rialúcháin Chorparáidigh Eachtra na hÉireann – Tionchar an OSFC	Teach Newman, Faiche Stiofáin, Baile Átha Cliath	30	Paul Appleby
19/12/2005	OSFC/ Coimisinéirí loncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí loncaim	Limistéar Leitir Ceanainn	30	Dermot Madden
20/12/2005	OSFC/ Coimisinéirí loncaim	Láithreoireacht	Malartú Eolais idir OSFC agus Coimisinéirí loncaim	Limistéar Shligigh	30	Dermot Madden

Aguisín 1.2.2

Ábhar Phreasráitis an OSFC – 2005

Dáta	Ábhar
07/01/05	Foilsíú Athbhreithniú Cinn Bhliana an OSFC do 2004
09/03/05	Láithreoracht do Chomhdháil Jordans' Corporate Governance agus Administration ag tabhairt chun suntais an fiúntas atá le cuideachtaí dócmhainneacha a mhaoirsiú
15/03/05	Ordú Dícháilithe Bainte Amach ag OSFC i leith sé Stiúrtóirí eile de Chuideachtaí atá Bainte de Chlár na gCuideachtaí
03/06/05	Foilsíú Thuarascáil Bhliantúil OSFC don Bhliain 2004
28/07/05	Ag eascairt as Tuarascáil NIB/NIBFS tá an OSFC ag iarraidh Naoi n-Ordú Dícháilithe

Aguisín 2.1.1

Briseadh síos ar Chásanna Nua Fiosrúcháin i 2005 de réir Foinse

Foinse na gCásanna Nua Fiosrúcháin	2004	2005
Tuarascálacha Sainordaitheacha		
Tuarascálacha Indiotáilte ó Iniúcháirí	1,568	1,965
Tuarascálacha ón OCC	15	17
Tuarascáil ó Leachtaitheoir	2	3
Tuarascálacha Indiotáilte ó Eagrais Ghairme	9	7
Iomlán na dTuarascálacha Sainordaitheacha	1,594	1,992
Tuarascálacha Deonacha		
Gearáin Phoiblí	341	323
Tuarascálacha ó Údarás Stáit	2	6
Tuarascálacha ó Údarás neamh-Stáit	18	15
Tuarascálacha sa Réimse Phoiblí	1	0
Braite OSFC	gan feidhm	37
Iomlán na dTuarascálacha Deonacha agus Eile	362	381
IOMLÁN NA DTUARASCÁLACHA	1,956	2,373

Aguisín 2.2.1

